that court or tribunal considers that a decision on the question is necessary to enable it to give judgment.

6. The Protocol on the Statute of the Court of Justice of the European Communities and the Rules of Procedure of that Court of Justice shall apply. 5

7. Any Member State, whether or not it has made a declaration pursuant to paragraph 4, shall be entitled to submit statements of case or written observations to the Court in cases which arise under paragraph 5.

8. The Court of Justice shall not have jurisdiction to check the validity or proportionality of operations carried out by competent law enforcement agencies under this Convention nor to rule on the exercise of responsibilities which devolve upon Member States for maintaining law and order and for safeguarding internal security. 10

## TITLE VII — IMPLEMENTATION AND FINAL PROVISIONS 15

### *Article 27*

#### *Confidentiality*

The customs administrations shall take account, in each specific case of exchange of information, of the requirements of investigation secrecy. To that end, a Member State may impose conditions covering the use of information by another Member State to which that information may be passed. 20

### *Article 28*

#### *Exemptions from the obligation to provide assistance*

1. This Convention shall not oblige the authorities of Member States to provide mutual assistance where such assistance would be likely to harm the public policy or other essential interests of the State concerned, particularly in the field of data protection, or where the scope of the action requested, in particular in the context of the special forms of cooperation provided for in Title IV, is obviously disproportionate to the seriousness of the presumed infringement. In such cases, assistance may be refused in whole or in part or made subject to compliance with certain conditions. 25 30

2. Reasons must be given for any refusal to provide assistance.

### *Article 29* 35

#### *Expenses*

1. Member States shall normally waive all claims for reimbursement of costs incurred in the implementation of this Convention, with the exception of expenses for fees paid to experts.

2. If expenses of a substantial and extraordinary nature are, or will be, required to execute the request, the customs administrations involved shall consult to determine the terms and conditions under which a request shall be executed as well as the manner in which the costs shall be borne. 40

*Article 30*

*Reservations*

1. Save as provided in Article 20(8), Article 21(5) and Article 23(5), this Convention shall not be the subject of any reservations.

5 2. Member States which have already established agreements between them covering matters regulated in Title IV of this Convention may make reservations pursuant to paragraph 1 only in so far as such reservations do not affect their obligations under such agreements.

10 3. Accordingly, the obligations arising out of the provisions of the Convention of 19 June 1990 implementing the Schengen Agreement of 14 June 1985 on the Gradual Abolition of Checks at their Common Borders which provide for closer cooperation shall not be affected by this Convention in the context of relations between the  
15 Member States which are bound by those provisions.

*Article 31*

*Territorial application*

1. This Convention shall apply to the territories of the Member States as referred to in Article 3(1) of Council Regulation (EEC) No  
20 2913/92 of 12 October 1992 establishing the Community Customs Code, as revised by the Act concerning the conditions of accession of the Republic of Austria, the Republic of Finland and the Kingdom of Sweden and the adjustments to the Treaties on which the European Union is founded and in Regulation (EC) No 82/97 of the European  
25 Parliament and of the Council of 19 December 1996, including, for the Federal Republic of Germany, the Island of Heligoland and the territory of Büsingen (within the framework of and pursuant to the Treaty of 23 November 1964 between the Federal Republic of Germany and the Swiss Confederation on the inclusion of the commune of Büsingen am Hochrhein in the customs territory of the  
30 Swiss Confederation, or the current version thereof) and, for the Italian Republic, the municipalities of Livigno and Campione d'Italia, and to the territorial waters, the inland maritime waters and the air-space of the territories of the Member States.

35 2. The Council, acting unanimously by the procedure provided for in Title VI of the Treaty on European Union, may adapt paragraph 1 to any amendment of the provisions of Community law referred to therein.

*Article 32*

*Entry into force*

40 1. This Convention shall be subject to adoption by the Member States in accordance with their respective constitutional requirements.

45 2. Member States shall notify the depositary of the completion of the constitutional procedures for the adoption of this Convention.

3. This Convention shall enter into force ninety days after the notification referred to in paragraph 2 by the State, Member of the European Union at the time of adoption by the Council of the Act drawing up this Convention, which is last to complete that formality.

4. Until this Convention enters into force, any Member State may, when giving the notification referred to in paragraph 2, or at any other later time, declare that as far as it is concerned this Convention, with the exception of Article 26 thereof, shall apply to its relations with Member States that have made the same declaration. Such declarations shall take effect ninety days after the date of deposit thereof. 5  
10

5. This Convention shall apply only to requests submitted after the date on which it enters into force or is applied as between the requested Member State and the applicant Member State.

6. On the date of entry into force of this Convention, the Convention on the provision of mutual assistance between customs administrations of 7 September 1967 shall be repealed. 15

### *Article 33*

#### *Accession*

1. This Convention shall be open to accession by any State that becomes a Member State of the European Union. 20

2. The text of the Convention in the language of the acceding Member State, as drawn up by the Council of the European Union, shall be authentic.

3. The instruments of accession shall be deposited with the depositary. 25

4. This Convention shall come into force with respect to any State that accedes to it ninety days after the deposit of its instrument of accession or on the date of entry into force of the Convention if it has not already entered into force upon expiry of the said period of ninety days. 30

5. Where this Convention has not yet entered into force at the time of the deposit of their instrument of accession, Article 32(4) shall apply to acceding Member States.

### *Article 34*

35

#### *Amendments*

1. Amendments to this Convention may be proposed by any Member State that is a High Contracting Party. Any proposed amendment shall be sent to the depositary, who shall communicate it to the Council and the Commission. 40

2. Without prejudice to Article 31(2), the amendments to the Convention shall be adopted by the Council, which shall recommend them to the Member States for adoption in accordance with their respective constitutional requirements.

3. Amendments adopted in accordance with paragraph 2 shall come into force in accordance with Article 32(3). 45



*Article 35*

*Depositary*

1. The Secretary-General of the Council of the European Union shall act as depositary of this Convention.

5     2. The depositary shall publish in the Official Journal of the European Communities information on the progress of adoptions and accessions, implementation, declarations and reservations, and also any other notification concerning this Convention.

10    Done at Brussels on the eighteenth day of December in the year one thousand nine hundred and ninety-seven in a single original, in the Danish, Dutch, English, Finnish, French, German, Greek, Irish, Italian, Portuguese, Spanish and Swedish languages, each text being equally authentic, such original remaining deposited in the archives of the General Secretariat of the Council of the European Union.

FIFTH SCHEDULE

THE TEXT IN THE ENGLISH LANGUAGE OF THE 1999  
PROTOCOL

**PROTOCOL DRAWN UP ON THE BASIS OF ARTICLE K.3  
OF THE TREATY ON EUROPEAN UNION, ON THE SCOPE 5  
OF THE LAUNDERING OF PROCEEDS IN THE  
CONVENTION ON THE USE OF INFORMATION  
TECHNOLOGY FOR CUSTOMS PURPOSES AND THE  
INCLUSION OF THE REGISTRATION NUMBER OF THE  
MEANS OF TRANSPORT IN THE CONVENTION 10**

THE HIGH CONTRACTING PARTIES to this Protocol, Member  
States of the European Union,

REFERRING to the Act of the Council of the European Union of  
12 March 1999,

HAVING REGARD to the Convention drawn up on the basis of 15  
Article K.3 of the Treaty on European Union on the use of infor-  
mation technology for customs purposes, hereinafter referred to as  
'the Convention';

HAVE AGREED ON THE FOLLOWING PROVISIONS:

*Article 1* 20

The second indent of Article 1(1) of the Convention shall be  
amended to read as follows:

'— the transfer, conversion, concealment or disguise of property or  
proceeds derived from, obtained directly or indirectly through 25  
or used in, illicit international drug trafficking or any infringe-  
ment of:

(i) all laws, regulations and administrative provisions of a  
Member State the application of which comes wholly or  
partly within the jurisdiction of the customs admin- 30  
istration of the Member State concerning cross-border  
traffic in goods subject to bans, restrictions or controls,  
in particular pursuant to Articles 36 and 223 of the Treaty  
establishing the European Community, and non-harmon-  
ised excise duties, or

(ii) the body of Community provisions and associated 35  
implementing provisions governing the import, export,  
transit and presence of goods traded between Member  
States and third countries, and between Member States  
in the case of goods that do not have Community status  
within the meaning of Article 9(2) of the Treaty estab- 40  
lishing the European Community or goods subject to  
additional controls or investigations for the purposes of  
establishing their Community status, or

(iii) the body of provisions adopted at Community level under  
the common agricultural policy and the specific pro- 45  
visions adopted with regard to goods resulting from the  
processing of agricultural products, or

- (iv) the body of provisions adopted at Community level for harmonised excise duties and for value-added tax on importation together with the national provisions implementing them.'

5

*Article 2*

The data categories listed in Article 4 of the Convention shall be supplemented by the following category:

- '(ix) registration number of the means of transport.'

*Article 3*

10 1. This Protocol shall be subject to adoption by the Member States in accordance with their respective constitutional requirements.

2. Member States shall notify the depositary of the completion of their respective constitutional requirements for adopting this Protocol.

15 3. This Protocol shall enter into force ninety days after the notification, referred to in paragraph 2, by the Member State which, being a member of the European Union on the date of adoption by the Council of the Act drawing up this Protocol, is the last to fulfil that formality. However, it shall at the earliest enter into force at the  
20 same time as the Convention.

*Article 4*

1. This Protocol shall be open to accession by any State that becomes a Member State of the European Union.

25 2. The instruments of accession shall be deposited with the depositary.

3. The texts of this Protocol in the language of the acceding State, drawn up by the Council of the European Union, shall be authentic.

30 4. This Protocol shall enter into force with respects to any State that accedes to it ninety days after the date of deposit of its instrument of accession or on the date of entry into force of this Protocol if the latter has not already entered into force upon expiry of the said period of ninety days.

*Article 5*

35 Any State that becomes a Member State of the European Union and accedes to the Convention in accordance with Article 25 thereof shall accept the provisions of this Protocol.

*Article 6*

40 1. Amendments to this Protocol may be proposed by any Member State that is a High Contracting Party. Any proposed amendment shall be sent to the depositary, who shall communicate it to the Council.

2. Amendments shall be adopted by the Council, which shall recommend them to the Member States for adoption in accordance with their respective constitutional requirements.

3. Amendments adopted in this manner shall come into force in accordance with Article 3.

5

*Article 7*

1. The Secretary-General of the Council of the European Union shall act as depositary of this Protocol.

2. The depositary shall publish in the Official Journal of the European Communities the notifications, instruments or communications concerning this Protocol.

10

Done at Brussels on the twelfth day of March in the year one thousand nine hundred and ninety-nine.

## SIXTH SCHEDULE

### THE TEXT IN THE IRISH LANGUAGE OF THE CIS CONVENTION

#### **COINBHINSIÚN ARNA DHRÉACHTÚ AR BHONN AIRTEAGAL K.3 DEN CHONRADH AR AN AONTAS EORPACH MAIDIR LE hÚSÁID THEICNEOLAÍOCHT AN EOLAIS CHUN CRÍOCHA CUSTAIM**

TÁ NA hARDPHÁIRTITHE CONARTHACHA sa Choinbhinsiún seo, Ballstáit an Aontais Eorpaigh,

10 AG TAGAIRT do Ghníomh ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh an 26/07/95,

AG MEABHRÚ DÓIBH na ngealltanais atá sa Choinbhinsiún maidir le Riaracháin Chustaim do Sholáthar Cúnamh Frithphárteach, arna dhéanamh sa Róimh ar an 7 Meán Fómhair 1967,

15 DE BHRÍ go bhfuil na riaracháin chustaim, mar aon le húdaráis inniúla eile, freagrach, ag teorainneacha seachtracha an Chomhphobail agus laistigh dá theorainneacha críochacha, as cionta ní hamháin in aghaidh rialacháin Chomhphobail ach in aghaidh dlíthe náisiúnta freisin, go háirithe na dlíthe sin atá folaithe ag Airteagail 36 agus  
20 223 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh, a chosc, a imscrúdú agus a chur faoi chois,

DE BHRÍ gur bagairt thromchúiseach do shláinte, moráltacht agus slándáil an phobail an treo atá ag teacht chun cinn ionsar gháinneáil aindleathach de gach saghas,

25 ÓS DEIMHIN leo gur gá an comhar idir riaracháin chustaim a athneartú trí nósanna imeachta a leagan síos faoina bhféadfaidh riaracháin chustaim gníomhú go comhphárteach agus sonraí pearsanta agus sonraí eile a bhaineann le gníomhaíochtaí gáinneála aindleathacha a mhalartú ag úsáid na teicneolaíochta nua chun eolas den  
30 sórt sin a bhainisteoireacht agus a tharchur, faoi réir fhorálacha Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa um Chosaint Daoine Aonair maidir le hUathphróiseáil Sonraí Pearsanta arna dhéanamh in Strasbourg ar an 28 Eanáir 1981,

AG MEABHRÚ DÓIBH go mbíonn ar na riaracháin Chustaim ina n-obair laethúil idir fhorálacha Comhphobail agus fhorálacha neamhchomhphobail a chur chun feidhme agus go bhfuil, dá dheasca sin, riachtanas follasach ann a áirithiú go bhfabhraíonn na forálacha maidir le cúnamh frithphárteach agus comhar riarthach sa dá earnáil go comhthreomhar a mhéad is féidir,

40 TAR ÉIS COMHAONTÚ AR NA FORÁLACHA SEO A LEANAS:

#### CAIBIDIL I

#### Sainmhínte

#### *Airteagal 1*

45 Chun críocha an Choinbhinsiúin seo:

1. Ciallaíonn an téarma “dlíthe náisiúnta” dlíthe nó rialacháin Ballstáit, a bhfuil inniúlacht iomlán nó pháirteach ag riarachán custaim an Bhallstáit sin ina gcur i bhfeidhm, maidir le:

- gluaiseacht earraí atá faoi réir bearta toirmisc, srianta nó rialaithe, go háirithe na bearta sin atá folaithe in Airteagail 36 agus 223 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh;
  - aistriú, tiontú, ceilt nó folú maoine nó fáltas arna gcineadh ó gháinneáil idirnáisiúnta aindleathach drugaí, arna bhfáil go díreach nó go neamhdhíreach tríthi nó arna n-úsáid inti. 5
2. Ciallaíonn an téarma “sonraí pearsanta” aon eolas a bhaineann le duine aonair aitheanta nó inaitheanta.
3. Ciallaíonn an téarma “Ballstát soláthair” Ballstát a dhéanann sonra a áireamh sa Chóras Eolais Custaim. 10

## CAIBIDIL II

### Córas Eolais Custaim a bhunú

#### *Airteagal 2*

1. Cuirfidh riaracháin chustaim na mBallstát ar bun, agus cothabhálfaidh siad, uathchóras eolais comhpháirteach chun críocha custaim, dá ngairtear an Córas Eolais Custaim anseo feasta. 15
2. Beidh sé de chuspóir ag an gCóras Eolais Custaim, i gcomhréir le forálacha an Choinbhinsiúin seo, cabhrú chun sárúithe tromchúiseacha ar dhlíthe náisiúnta a chosc, a imscrúdú agus a ionchúiseamh trí éifeachtúlacht nósanna imeachta comhair agus rialaithe riaracháin chustaim na mBallstát a mhéadú trí eolas a scaipeadh go luath. 20

## CAIBIDIL III

### An Córas Eolais Custaim a oibriú agus a úsáid

#### *Airteagal 3*

1. Is áis bhunachar sonraí lárnach é an Córas Eolais Custaim agus beidh sé inrochtana trí theirminéil i ngach Ballstát. Cuimseoidh sé go heisiach na sonraí, lena n-áirítear sonraí pearsanta, is gá chun a chuspóir mar atá sé sonraithe in Airteagal 2(2) a bhaint amach sna hearnálacha seo a leanas: 25

- (i) tráchtearraí; 30
- (ii) córacha iompair;
- (iii) gnóthaí;
- (iv) daoine;
- (v) treochtaí calaoise;
- (vi) infhaighteacht saineolais. 35

2. Áiritheoidh an Coimisiún bainistíocht theicniúil bhonneagar an Chórais Eolais Custaim i gcomhréir leis na rialacha dá bhforáiltear sna bearta cur chun feidhme arna nglacadh laistigh den Chomhairle.

Tuairisceoidh an Coimisiún maidir leis an mbainistíocht don choiste dá dtagraítear in Airteagal 16. 40

3. Páirteoidh an Coimisiún leis an gcoiste sin na socruithe praiticiúla arna nglacadh don bhainistíocht theicniúil.

#### *Airteagal 4*

- 5 Cinnfidh na Ballstáit na míreanna atá le háireamh sa Chóras Eolais Custaim a bhaineann le gach ceann d'earnálacha (i) go (vi) in Airteagal 3 a mhéad is gá sin chun cuspóir an chórais a bhaint amach. Ní áireofar ar aon chúinse aon sonraí pearsanta in earnálacha (v) agus (vi) d'Airteagal 3. Ní chuimseoidh na sonraí pearsanta atá le hionchur ach:
- 10 (i) sloinne, sloinne réamhphósta, céad ainmneacha agus ainmneacha bréige;
- (ii) dáta agus ionad breithe;
- (iii) náisiúntacht;
- (iv) gnéas;
- 15 (v) aon bhuansaintréithe fisiceacha oibiachtúla áirithe;
- (vi) cúis leis na sonraí a áireamh;
- (vii) gníomhaíocht arna moladh;
- (viii) cód foláirimh a shonraíonn aon tuairisc go raibh an duine i dtrácht faoi arm, foréigineach nó tar éis éalú.
- 20 In aon chás, ní áireofar sonraí pearsanta atá liostaithe sa chéad abairt d'Airteagal 6 de Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa um Chosaint Daoine Aonair maidir le hUathphróiseáil Sonraí Pearsanta, arna dhéanamh in Strasbourg ar an 28 Eanáir 1981, dá ngairtear "Coinbhinsiún Strasbourg 1981" anseo feasta.

#### 25 *Airteagal 5*

1. Ní iontrálfar sonraí in earnálacha (i) go (iv) d'Airteagal 3 sa Chóras Eolais Custaim ach amháin ar mhaithe le hamharc agus tuairisciú, faireachán discréideach nó seiceálacha sonracha.
2. Ar mhaithe leis na gníomhaíochtaí arna moladh dá dtagraítear
- 30 i mír 1, ní iontrálfar sonraí pearsanta in aon cheann d'earnálacha (i) go (iv) d'Airteagal 3 sa Chóras Eolais Custaim ach amháin, go háirithe mar gheall ar ghníomhaíochtaí neamhdhlithiúla roimhe sin, má tá taispeántaí firinneacha ann a thugann le fios go bhfuil an duine i dtrácht tar éis sárúithe tromchúiseacha ar dhlíthe náisiúnta a dhéanamh,
- 35 nó go bhfuil sé i mbun na sárúithe sin a dhéanamh nó go ndéanfaidh sé fós iad.

#### *Airteagal 6*

1. Má dhéantar na gníomhaíochtaí arna moladh dá dtagraítear in Airteagal 5(1), féadfar an t-eolas seo a leanas, go hiomlán nó go

40 páirteach, a bhailiú agus a tharchur chuig an mBallstát soláthair:

- (i) go bhfuil an tráchtarra, an chóir iompair, an gnó nó an duine arna dtuairisciú aimsithe;
- (ii) ionad, uair agus cúis na seiceála;

- (iii) bealach agus ceann scríbe an turais;
- (iv) daoine tionlacain an duine i dtrácht nó lucht na córa iompair;
- (v) an chóir iompair arna húsáid;
- (vi) na réada arna n-iompar; 5
- (vii) na himthosca inar aimsíodh an tráchtearra, an chóir iompair, an gnó nó an duine.

Nuair a bhailítear eolas den sórt sin i gcúrsa faireachán discréideach, ní mór bearta a ghlacadh chun a áirithiú nach gcuirtear cineál discréideach an fhaireacháin i gcontúirt. 10

2. I gcomhthéacs seiceáil shonrach dá dtagraítear in Airteagal 5(1), féadfar daoine, córacha iompair agus réada a chuardach a mhéad is incheadaíthe agus i gcomhréir le dlíthe, rialacháin agus nósanna imeachta an Bhallstáit ina ndéantar an cuardach. Mura gceadaítear an tseiceáil shonrach i ndlí Ballstáit, déanfaidh an Ballstát sin í 15 a thiontú go huathoibríoch go hamharc agus tuairisciú.

#### *Airteagal 7*

1. Forchoimeádtar rochtain dhíreach ar shonraí sa Chóras Eolais Custaim go heisiach do na húdaráis náisiúnta arna n-ainmniú ag gach Ballstát. Is riaracháin chustaim iad na húdaráis náisiúnta sin ach 20 féadfar údaráis eile a áireamh atá inniúil freisin, de réir dhlíthe, rialacháin agus nósanna imeachta an Bhallstáit i dtrácht, chun gníomhú d'fhonn an cuspóir atá sonraithe in Airteagal 2(2) a bhaint amach.

2. Cuirfidh gach Ballstát chuig gach Ballstát eile agus chuig an gcoiste dá dtagraítear in Airteagal 16 liosta dá údaráis inniúla atá 25 ainmnithe i gcomhréir le mír 1 chun rochtain dhíreach a bheith acu ar an gCóras Eolais Custaim ag sonrú, i gcás gach údaráis, na sonraí a bhféadfaidh sé rochtain a bheith aige orthu agus na críocha ar chucu é.

3. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 2, féadfaidh Ballstáit, trí chomhaontú d'aon toil, rochtain ar an gCóras Eolais Custaim a cheadú d'eagraíochtaí idirnáisiúnta nó réigiúnacha. Beidh comhaontú den sórt sin i bhfoirm prótacail a ghabhann leis an gCoinbhinsiún seo. Ag teacht ar a gcinneadh dóibh, tabharfaidh na Ballstáit aird ar aon 35 socrúithe cómhálartacha agus ar aon tuairim ón gComhúdarás Maoirseachta dá dtagraítear in Airteagal 18 ar leormhaitheas na mbeart cosanta sonraí.

#### *Airteagal 8*

1. Ní fhéadfaidh na Ballstáit sonraí ón gCóras Eolais Custaim a úsáid ach amháin chun an cuspóir atá sonraithe in Airteagal 2(2) a 40 ghnóthú, cé go bhféadfaidh siad iad a úsáid chun críocha riarthacha nó chun críocha eile le húdarú roimh ré ón mBallstát a d'ionchuir sa Chóras iad agus faoi réir aon choinníollacha arna bhforchur ag an mBallstát sin. Beidh aon úsáid eile den sórt sin i gcomhréir le dlíthe, rialacháin agus nósanna imeachta an Bhallstáit a fhéachann le hiad 45 a úsáid agus ba chóir di aird a thabhairt ar Phrionsabal 5.5. de Mholadh R (87)15 ó Choiste Airí Chomhairle na hEorpa an 17 Meán Fómhair 1987.



2. Gan dochar do mhíreanna 1 agus 4 den Airteagal seo agus d'Airteagal 7(3), ní úsáidfean sonraí ón gCóras Eolais Custaim ach amháin ag údaráis náisiúnta i ngach Ballstát arna n-ainmniú ag an mBallstát i dtrácht, atá inniúil, i gcomhréir le dlíthe, rialacháin agus nósanna imeachta an Bhallstáit sin, chun gníomhú d'fhonn an cuspóir atá sonraithe in Airteagal 2(2) a bhaint amach.

3. Cuirfidh gach Ballstát chuig gach Ballstát eile agus chuig an gCoiste dá dtagraítear in Airteagal 16 liosta de na húdaráis inniúla atá ainmnithe aige i gcomhréir le mír 2.

4. Féadfar sonraí ón gCóras Eolais Custaim, le húdarú roimh ré ón mBallstát a d'ionchuir sa Chóras iad, agus faoi réir aon choinníollacha arna bhforchur ag an mBallstát sin, a sheoladh lena n-úsáid ag údaráis náisiúnta seachas na cinn arna n-ainmniú faoi mhír 2, ag tíortha nach Ballstáit iad agus ag eagraíochtaí idirnáisiúnta nó réigiúnacha ar mian leo iad a úsáid. Glacfaidh gach Ballstát bearta speisialta chun slándáil sonraí den sórt sin a áirithiú nuair atá siad á dtarchur nó á soláthar do sheirbhísí atá suite lasmuigh dá chríoch. Ní mór mionsonraí bearta den sórt sin a chur in iúl don Chomhúdarás Maoirseachta atá luaite in Airteagal 18.

#### 20 *Airteagal 9*

1. Beidh ionchur sonraí sa Chóras Eolais Custaim faoi rialú ag dlíthe, rialacháin agus nósanna imeachta an Bhallstáit soláthair mura leagann an Coinbhinsiún forálacha níos déine síos.

2. Beidh úsáid sonraí arna bhfáil ón gCóras Eolais Custaim, lena n-áirítear aon ghníomhaíocht dá dtagraítear in Airteagal 5 agus atá arna moladh ag an mBallstát Conarthach soláthair a chomhall, faoi rialú ag dlíthe, rialacháin agus nósanna imeachta an Bhallstáit a úsáideann sonraí den sórt sin, mura leagann an Coinbhinsiún forálacha níos déine síos.

#### 30 *Airteagal 10*

1. Ainmneoidh gach Ballstát riarachán custaim inniúil a bheidh freagrach ar an mbonn náisiúnta as an gCóras Eolais Custaim.

2. Beidh an riarachán sin freagrach as an gCóras Eolais Custaim a oibriú go cuí laistigh den Bhallstát; glacfaidh sé pé bearta is gá chun a áirithiú go gcomhlíontar forálacha an Choinbhinsiúin seo.

3. Cuirfidh na Ballstáit in iúl dá chéile ainm an riaracháin inniúil dá dtagraítear i mír 1.

### CAIBIDIL IV

#### Sonraí a leasú

#### 40 *Airteagal 11*

1. Is ag an mBallstát soláthair amháin a bheidh an ceart sonraí atá ionchurtha aige sa Chóras Eolais Custaim a leasú, a fhorlíonadh, a cheartú nó a scriosadh.

2. Má thugann Ballstát soláthair dá aire, nó má thugtar dá aire, go bhfuil na sonraí a d'ionchuir sé neamhbheacht go fíorasach nó gur ionchuireadh iad nó go bhfuil siad stóráilte ar shlí atá contrártha leis an gCoinbhinsiún seo, déanfaidh sé na sonraí a leasú, a fhorlíonadh, a cheartú nó a scriosadh, mar is iomchuí, agus tabharfaidh sé faisnéis faoi do na Ballstáit eile. 5

3. Má tá fianaise ag ceann de na Ballstáit a thugann le fios go bhfuil sonra neamhbheacht go fíorasach nó gur ionchuireadh é nó go bhfuil sé stóráilte sa Chóras Eolais Custaim ar shlí atá contrártha leis an gCoinbhinsiún seo, tabharfaidh sé faisnéis faoi don Bhallstáit soláthair a luaithe is féidir. Déanfaidh an Ballstát sin na sonraí i dtrácht a sheiceáil agus, más gá, an sonra a cheartú nó a scriosadh gan mhoill. Déanfaidh an Ballstát soláthair faisnéis faoi aon cheartúchán nó aon scriosadh a rinneadh a thabhairt do na Ballstáit eile. 10

4. Má thugann Ballstát dá aire, agus sonraí á n-ionchur aige sa Chóras Eolais Custaim, go bhfuil a thuarascáil i gcodarsna le tuarascáil roimhe sin i dtaca le hinneachar nó gníomhaíocht arna moladh, tabharfaidh sé faisnéis faoi láithreach don Bhallstát a rinne an tuarascáil roimhe sin. Féachfaidh an dá Bhallstát ansin leis an bhfadhb a réiteach. I gcás easaontais, mairfidh an chéad tuarascáil ach ionchuirfear sa Chóras na codanna sin den tuarascáil nua nach bhfuil i gcodarsna. 15 20

5. Faoi réir fhorálacha an Choinbhinsiúin seo, nuair a dhéanann cúirt in aon Bhallstát, nó údarás inniúil eile sa Bhallstát sin, cinneadh críochnaitheach i dtaca le sonraí a leasú, a fhorlíonadh, a cheartú nó a scriosadh sa Chóras Eolais Custaim, gabhfaidh na Ballstáit orthu féin cinneadh den sórt sin a fhorghníomhú go cómhálartach. I gcás codarsna idir chinntí den sórt sin ó chúirteanna nó ó údaráis inniúla eile i mBallstáit éagsúla, lena n-áirítear na cinn dá dtagraítear in Airteagal 15(4) maidir le ceartúchán nó scriosadh, déanfaidh an Ballstát a d'ionchuir na sonraí i dtrácht iad a scriosadh den Chóras. 25 30

## CAIBIDIL V

### Sonraí a stóráil

#### *Airteagal 12*

1. Ní stórálfar sonraí arna n-ionchur sa Chóras Eolais Custaim ach go ceann na tréimhse is gá chun an cuspóir ar chuíge a ionchuireadh iad a bhaint amach. Déanfaidh an Ballstát soláthair athbhreithniú gach bliain ar a laghad an gá iad a stóráil. 35

2. Féadfaidh an Ballstát soláthair, laistigh den tréimhse athbhreithnithe, a chinneadh sonraí a stóráil go dtí an chéad athbhreithniú eile más gá iad a stóráil chun na cuspóirí ar chucu a ionchuireadh iad a bhaint amach. Gan dochar d'Airteagal 15, mura ndéanfar cinneadh iad sonraí a stóráil, aistreofar iad go huathoibríoch go dtí an chuid sin den Chóras Eolais Custaim a mbeidh rochtain uirthi teoranta i gcomhréir le mír 4. 40 45

3. Cuirfidh an Córas Eolais Custaim an Ballstát soláthair ar an eolas go huathoibríoch faoi aistriú sceidealta sonraí ón gCóras Eolais Custaim faoi mhír 2, ag tabhairt fógra míosa dó.

4. Leanfar de sonraí arna n-aistriú faoi mhír 2 a stóráil go ceann bliana sa Chóras Eolais Custaim ach, gan dochar d'Airteagal 15, ní bheidh siad inrochtana ach amháin ag ionadaí don choiste dá dtagraítear in Airteagal 16 nó ag na húdaráis mhaoirseachta dá dtagraítear in Airteagal 17(1) agus 18(1). Le linn na tréimhse sin ní fhéadfaidh siad na sonraí a cheadú ach amháin chun a mbeachtas agus a ndlíthiúlacht a sheiceáil, agus ina dhiaidh sin ní foláir iad a scriosadh. 50 55

## CAIBIDIL VI

### Sonraí pearsanta a chosaint

#### *Airteagal 13*

1. Gach Ballstát a bhfuil sé d'intinn aige sonraí pearsanta a fháil  
5 ón gCóras Eolais Custaim, nó iad a ionchur ann, glacfaidh sé, tráth  
nach déanaí ná dá theacht i bhfeidhm an Choinbhinsiúin seo, an  
reachtaíocht náisiúnta atá leordhóthanach chun leibhéal cosanta  
sonraí pearsanta a ghnóthú is combhionann ar a laghad leis an leibhéal  
a leanann ó phrionsabail Choinbhinsiún Strasbourg 1981.

10 2. Ní bhfaighidh Ballstát sonraí pearsanta ón gCóras Eolais Cus-  
taim ná ní ionchuirfidh sé ann iad ach amháin nuair a bheidh na  
socruithe chun sonraí den sórt sin a chosaint dá bhforáiltear i mír 1  
tar éis teacht i bhfeidhm ar chríoch an Bhallstáit sin. Beidh an  
Ballstát freisin tar éis údarás maoirseachta nó údaráis mhaoirseachta  
15 náisiúnta a ainmniú roimh ré i gcomhréir le hAirteagal 17.

3. D'fhonn a áirithiú go ndéanfar na forálacha cosanta sonraí sa  
Choinbhinsiún seo a chur i bhfeidhm go cuí, measfar i ngach Ballstát  
gur comhad náisiúnta sonraí atá faoi réir na bhforálacha náisiúnta dá  
dtagraítear i mír 1 agus aon fhorálacha níos déine atá sa Choinbhin-  
20 siún seo é an Córas Eolais Custaim.

#### *Airteagal 14*

1. Faoi réir Airteagal 8(1), áiritheoidh gach Ballstát go mbeidh sé  
neamhdhleathach faoina dhlíthe, rialacháin agus nósanna imeachta  
féin sonraí pearsanta ón gCóras Eolais Custaim a úsáid chun críche  
25 seachas ar mhaithe leis an gcuspóir dá dtagraítear in Airteagal 2(2).

2. Féadfar sonraí a atáirgeadh chun críocha teicniúla amháin, ar  
chuntar go bhfuil an t-atáirgeadh sin riachtanach le haghaidh cuard-  
ach díreach ag na húdaráis dá dtagraítear in Airteagal 7. Faoi réir  
Airteagal 8(1), ní fhéadfar sonraí pearsanta arna n-ionchur ag  
30 Ballstáit eile a chóipeáil ón gCóras Eolais Custaim isteach i gcom-  
haid náisiúnta eile sonraí.

#### *Airteagal 15*

1. Cuirfear cearta daoine maidir leis na sonraí pearsanta atá sa  
Chóras Eolais Custaim, go háirithe a gceart rochtana, in éifeacht i  
35 gcomhréir le dlíthe, rialacháin agus nósanna imeachta an Bhallstáit  
ina ndéantar na cearta sin a agairt.

Má tá sé leagtha síos i ndlíthe, rialacháin agus nósanna imeachta  
an Bhallstáit i dtrácht, cinntídh an t-údarás maoirseachta náisiúnta  
dá bhforáiltear in Airteagal 17 an gá an fhaisnéis a pháirtiú agus cén  
40 nós imeachta lena bpáirteofar í.

Ní fhéadfaidh Ballstát nach bhfuil na sonraí ábhartha soláthraithe  
aige sonraí a pháirtiú mura mbeidh caoi tugtha aige don Bhallstát  
soláthair a dhearcadh a nochtadh.

2. Déanfaidh Ballstát, a ndéantar iarratas ar rochtain ar shonraí  
45 pearsanta chuige, rochtain a dhiúltú más dóigh go bhféadfaidh an  
rochtain sin cur chun feidhme na gníomhaíochta atá sonraithe sa tua-  
rascáil dá dtagraítear in Airteagal 5(1) a dhochrú nó d'fhonn cearta  
agus saoirsí daoine eile a chosaint. Diúltófar an rochtain, pé scéal é,  
le linn thréimhse an fhaireacháin dhiscrídigh nó an amhairc agus na  
50 tuairisce.

3. I ngach Ballstát, féadfaidh duine, de réir dhlíthe, rialacháin agus nósanna imeachta an Bhallstáit i dtrácht, sonraí pearsanta a bhaineann leis féin a chur á gceartú nó á scriosadh má tá na sonraí sin neamhbheacht go fíorasach, nó gur ionchuireadh iad nó go bhfuil siad stóráilte sa Chóras Eolais Custaim ar shlí atá contrártha leis an gcuspóir atá sonraithe in Airteagal 2(2) den Choinbhinsiún seo nó le forálacha Airteagal 5 de Choinbhinsiún Strasbourg 1981. 5

4. Ar chríoch gach Ballstáit féadfaidh aon duine, i gcomhréir le dlíthe, rialacháin agus nósanna imeachta an Bhallstáit i gceist, caincean a thabhairt nó, más iomchuí, gearán a dhéanamh os comhair na gcúirteanna nó an údaráis is inniúil faoi dhlíthe, rialacháin agus nósanna imeachta an Bhallstáit sin maidir le sonraí pearsanta a bhaineann leis féin sa Chóras Eolais Custaim, d'fhonn: 10

(i) sonraí pearsanta atá neamhbheacht go fíorasach a cheartú nó a scriosadh; 15

(ii) sonraí pearsanta arna n-ionchur nó arna stóráil sa Chóras Eolais Custaim ar shlí atá contrártha leis an gCoinbhinsiún seo a cheartú nó a scriosadh;

(iii) rochtain a fháil ar shonraí pearsanta;

(iv) cúiteamh a fháil de bhun Airteagal 21(2). 20

Gabhfaidh na Ballstáit i dtrácht orthu fein cinntí críochnaitheacha arna nglacadh ag cúirt, nó ag údarás inniúil eile, de bhun phointí (i), (ii) agus (iii) den mhír seo a fhorghníomhú go cómhálartach.

5. Ní bheidh le tuiscint ó na tagairt san Airteagal seo agus in Airteagal 11(5) do “chinneadh críochnaitheach” go bhfuil aon oibleagáid ar aon Bhallstát achomharc a dhéanamh in aghaidh cinneadh arna ghlacadh ag cúirt nó ag údarás inniúil eile. 25

## CAIBIDIL VII

### Creat institiúideach

#### *Airteagal 16* 30

1. Cuirfear ar bun coiste ar a mbeidh ionadaithe ó riaracháin chustaim na mBallstát. Glacfaidh an Coiste a chinntí d'aon toil fad a bhaineann le forálacha na chéad fhleisce de mhír 2 agus trí thromlach dhá thrian fad a bhaineann le forálacha an dara fleasc de mhír 2. Glacfaidh sé d'aon toil a rialacha nós imeachta féin. 35

2. Beidh an Coiste freagrach as:

— forálacha an Choinbhinsiúin seo a chur chun feidhme agus a chur i bhfeidhm i gceart, gan dochar do chumhachtaí na n-údarás maoirseachta dá dtagraítear in Airteagail 17(1) agus 18(1); 40

— oibriú cuí an Chórais Eolais Custaim maidir le gnéithe teicniúla agus oibríochtúla. Tabharfaidh an Coiste gach céim is gá chun a áirithiú go gcuirtear na bearta atá leagtha amach in Airteagail 12 agus 19 chun feidhme go cuí maidir leis an gCóras Eolais Custaim. Chun críocha na míre seo amháin, féadfaidh an Coiste rochtain dhíreach agus cead úsáide díri a bheith aige ar shonraí ón gCóras Eolais Custaim. 45

3. Caithfidh an Coiste tuarascáil a dhéanamh in aghaidh na bliana don Chomhairle i gcomhréir le Teideal VI den Chonradh ar an Aontas Eorpach maidir le héifeachtacht agus éifeachtúlacht an Chórais Eolais Custaim, ag déanamh moltaí dó mar is gá.

5 4. Comhlachófar an Coimisiún le himeachtaí an Choiste.

## CAIBIDIL VIII

### Maoirseacht ar chosaint sonraí pearsanta

#### *Airteagal 17*

10 1. Ainmneoidh gach Ballstát údarás maoirseachta nó údarás mhaoirseachta náisiúnta atá freagrach as sonraí pearsanta a chosaint chun maoirseacht neamhspleách a dhéanamh ar shonraí den sórt sin arna n-ionchur sa Chóras Eolais Custaim.

15 Déanfaidh na húdaráis mhaoirseachta, i gcomhréir lena reachtaíocht náisiúnta faoi seach, maoirseacht agus seiceálacha go neamhspleách, d'fhonn a áirithiú nach sáraíonn próiseáil agus úsáid sonraí arna gcoimeád sa Chóras Eolais Custaim cearta an duine i dtrácht. Chuige sin, beidh rochtain ag na húdaráis mhaoirseachta ar an gCóras Eolais Custaim.

20 2. Féadfaidh aon duine iarraidh ar aon údarás maoirseachta náisiúnta seiceáil a dhéanamh ar shonraí pearsanta a bhaineann leis féin sa Chóras Eolais Custaim agus ar an úsáid atá déanta nó á déanamh de na sonraí sin. Beidh an ceart sin faoi rialú ag dlíthe, rialacháin agus nósanna imeachta an Bhallstáit ina ndearnadh an t-iarratas. Más Ballstát eile a d'ionchuir na sonraí, déanfar an tseiceáil i ndlúthchomharáocht le húdarás maoirseachta náisiúnta an Bhallstáit sin

#### *Airteagal 18*

30 1. Cuirfear ar bun Comhúdarás Maoirseachta, ar a mbeidh beirt ionadaí ó gach Ballstát arna roghnú ón údarás maoirseachta neamhspleách náisiúnta nó ó na húdaráis mhaoirseachta neamhspleacha náisiúnta faoi seach.

2. Feidhmeoidh an Comhúdarás Maoirseachta a fheidhmeanna i gcomhréir le forálacha an Choinbhinsiún seo agus forálacha Choinbhinsiún Strasbourg 1981 agus aird á tabhairt ar Mholadh R (87) 15 ó Choiste Airí Chomhairle na hEorpa an 17 Meán Fómhair 1987.

35 3. Beidh an Comhúdarás Maoirseachta inniúil chun oibríocht an Chórais Eolais Custaim a mhaoirsiú, chun aon deacrachtaí maidir le cur i bhfeidhm nó léiriú a fhéadfaidh teacht chun cinn le linn a oibríochta a scrúdú, chun staidéar a dhéanamh ar fhadhbanna a fhéadfaidh teacht chun cinn maidir le feidhmiú maoirseacht neamhspleách ag údaráis mhaoirseachta náisiúnta na mBallstát nó i bhfeidhmiú cearta rochtana ar an gCóras ag daoine aonair, agus chun tograí a tharraingt suas d'fhonn réitigh chomhpháirteacha ar fhadhbanna a aimsiú.

45 4. D'fhonn a fhreagrachtaí a fheidhmiú, beidh rochtain ag an gComhúdarás Maoirseachta ar an gCóras Eolais Custaim.

5. Seolfar tuarascálacha arna dtarraingt suas ag an gComhúdarás Maoirseachta chuig na húdaráis a gcuireann na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta a dtuarascálacha faoina mbráid.

## CAIBIDIL IX

### Slándáil an Chórais Eolais Custaim

#### *Airteagal 19*

1. Chun slándáil a chothabháil, glacfar gach beart riarthach is gá:
  - (i) ag údaráis inniúla na mBallstát i leith theirminéil an Chórais Eolais Custaim ina Stáit faoi seach; 5
  - (ii) ag an gCoiste dá dtagraítear in Airteagal 16 i leith an Chórais Eolais Custaim agus na dteirminéal atá suite san áitreabh céanna leis an gCóras agus atá arna n-úsáid le haghaidh críocha teicniúla agus na seiceálacha is gá de bhun mhír 3. 10
2. Glacfaidh na húdaráis inniúla agus an coiste dá dtagraítear in Airteagal 16 bearta ach go háirithe chun:
  - (i) cosc a chur le rochtain ag aon duine neamhúdaraithe ar shuiteálacha arna n-úsáid chun sonraí a phróiseáil; 15
  - (ii) cosc a chur le léamh, cóipeáil, bunathrú nó scriosadh sonraí agus meáin sonraí ag daoine neamhúdaraithe;
  - (iii) cosc a chur le hiontráil neamhúdaraithe sonraí agus aon cheadú, bunathrú nó scriosadh neamhúdaraithe sonraí;
  - (iv) cosc a chur le rochtain ar shonraí sa Chóras Eolais Custaim ag daoine neamhúdaraithe trí bhíthin trealamh tarchuir sonraí; 20
  - (v) a ráthú, maidir le húsáid an Chórais Eolais Custaim, nach mbeidh ceart rochtana ag daoine údaraithe ach amháin ar sonraí a bhfuil siad inniúil ina leith; 25
  - (vi) a ráthú gur féidir a sheiceáil agus a shuíomh cé hiad na húdaráis a bhféadfár sonraí a tharchur chucu le trealamh tarchuir sonraí;
  - (vii) a ráthú gur féidir a sheiceáil agus a shuíomh a posteriori cad iad na sonraí a ionchuireadh sa Chóras Eolais Custaim, cathain a ionchuireadh iad agus cé a d'ionchuir iad agus gur féidir faireachán a dhéanamh ar an gceistiú; 30
  - (viii) cosc a chur le léamh, cóipeáil, bunathrú nó scriosadh neamhúdaraithe sonraí le linn sonraí a tharchur agus meáin sonraí a iompar. 35
3. Déanfaidh an Coiste dá dtagraítear in Airteagal 16 faireachán ar cheistiú an Chórais Eolais Custaim d'fhonn a sheiceáil an raibh na cuardaigh arna ndéanamh inghlactha agus ar úsáidirí údaraithe a rinne iad. Déanfar 1% ar a laghad de na cuardaigh go léir arna ndéanamh a sheiceáil. Coimeádfar taifead de na cuardaigh sin agus na seiceálacha sin sa Chóras, ní dhéanfaidh an Coiste agus na húdaráis mhaoirseachta dá dtagraítear in Airteagail 17 agus 18 é a úsáid ach amháin chun na críche a dúradh, agus scriosfar é tar éis sé mhí. 40

### *Airteagal 20*

5 Beidh an riarachán custaim inniúil dá dtagraítear in Airteagal 10(1) den Choinbhinsiún seo freagrach as na bearta slándála atá leagtha amach in Airteagal 19, i ndáil leis na teirminéil atá suite ar chríoch an Bhallstáit i dtrácht, as na feidhmeanna athbhreithnithe atá leagtha amach in Airteagail 12(1) agus (2), agus ar shlí eile as cur chun feidhme cuí an Choinbhinsiúin seo a mhéad is gá faoi dhlíthe, rialacháin agus nósanna imeachta an Bhallstáit sin.

## CAIBIDIL X

10 Freagrachtaí agus dliteanais

### *Airteagal 21*

15 1. Beidh gach Ballstát freagrach as beachtas, ábharthacht reatha agus dlíthiúlacht na sonraí atá ionchurtha aige sa Chóras Eolais Custaim. Beidh gach Ballstát freagrach freisin as forálacha Airteagal 5 de Choinbhinsiún Strasbourg 1981 a chomhlíonadh.

2. Beidh gach Ballstát faoi dhliteanas, i gcomhréir lena dhlíthe, rialacháin agus nósanna imeachta féin, i leith na díobhála a dhéantar do dhuine trí úsáid an Chórais Eolais Custaim sa Bhallstát i dtrácht.

20 Is amhlaidh a bheidh freisin nuair a dhéantar an díobháil trí ionchur sonraí neamhbheachta ag an mBallstát soláthair, nó tríd an mBallstát sin sonraí a ionchur ar shlí atá contrártha leis an gChoinbhinsiún seo.

25 3. Murab é an Ballstát a sholáthair na sonraí neamhbheachta an Ballstát a ndéantar caingean a thabhairt ina choinne i leith sonraí neamhbheachta, lorgóidh na Ballstáit i dtrácht comhaontú maidir le pé comhréir, más ann, de na suimeanna arna n-íoc mar chúiteamh a aisíocfaidh an Ballstát soláthair don Bhallstát eile. Déanfar aon suim den sórt sin a aisíoc arna iarraidh sin.

### *Airteagal 22*

30 1. Beidh na costais arna dtabhú ag na Ballstáit i ndáil le hoibriú agus úsáid an Chórais Eolais Custaim atá suite ar a gcríocha de mhui-rear ar gach ceann díobh.

35 2. Beidh caiteachas eile arna thabhú i gcur chun feidhme an Choinbhinsiúin seo, seachas caiteachas nach féidir a scaradh ó oibriú an Chórais Eolais Custaim chun críocha rialacháin chustaim agus talmhaíochta an Chomhphobail a chur i bhfeidhm, de mhui-rear ar na Ballstáit. Cinnfear cion gach Ballstáit de réir chomhréir a olltáirgeachta náisiúnta le suim iomlán olltáirgeachtaí náisiúnta na mBallstát don bhliain roimh an mbliain ina dtabhaítear na costais.

40 Chun críocha an fhomhír seo a chur i bhfeidhm, ciallaíonn an téarma “olltáirgeacht náisiúnta” an olltáirgeacht náisiúnta arna sainiú i gcomhréir le Treoir 89/130/CEE, Euratom ón gComhairle an 13 Feabhra 1989 maidir le tiomsú na holltáirgeachta náisiúnta ag margadhphraghsanna a chomhchuibhiú nó i gcomhréir le haon ion-  
45 straim Chomhphobail á leasú nó ag gabháil a hionaid.

## CAIBIDIL XI

Cur chun feidhme agus forálacha críochnaitheacha

### *Airteagal 23*

Déanfar an t-eolas dá bhforáiltear faoin gCoinbhinsiún seo a mhalartú go díreach idir údaráis na mBallstát. 5

### *Airteagal 24*

1. Beidh an Coinbhinsiún seo faoi réir a ghlactha ag na Ballstáit i gcomhréir lena rialacha bunreachtúla faoi seach.

2. Cuirfidh na Ballstáit in iúl d'Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh go bhfuil na nósanna imeachta is gá faoina rialacha bunreachtúla faoi seach chun an Coinbhinsiún seo a ghlacadh comhlhonta acu. 10

3. Tiocfaidh an Coinbhinsiún seo i bhfeidhm nócha lá tar éis don fhógra dá dtagraítear i mír 2 a bheith tugtha ag an mBallstát is déanaí a dhéanfaidh sin. 15

### *Airteagal 25*

1. Beidh aontachas leis an gCoinbhinsiún seo ar oscailt d'aon Stát a thagann chun bheith ina Bhallstát den Aontas Eorpach.

2. Is téacs údarásach téacs an Choinbhinsiúin seo i dteanga an Stáit aontaigh, arna dhréachtú ag Comhairle an Aontais Eorpaigh. 20

3. Taiscfear na hionstraimí aontachais leis an taiscí.

4. Tiocfaidh an Coinbhinsiún seo i bhfeidhm maidir le Stát aontach nócha lá tar éis dó a ionstraim aontachais a thaisceadh nó ar dháta an Choinbhinsiúin a theacht i bhfeidhm mura bhfuil sé tagtha i bhfeidhm fós tráth na tréimhse nócha lá sin a dhul in éag. 25

### *Airteagal 26*

1. Is é Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh taiscí an Choinbhinsiúin seo.

2. Foilseoidh an taiscí in Iris Oifigiúil na gComhphobal Eorpach faisnéis maidir leis an gCoinbhinsiún seo a ghlacadh agus aontachais leis, na dearbhuithe, na forchoimeádais agus gach fógra eile a bhainneann leis an gCoinbhinsiún seo. 30

### *Airteagal 27*

1. Ní foláir don Chomhairle aon díospóidí idir na Ballstáit maidir le léiriú nó cur i bhfeidhm an Choinbhinsiúin seo a phlé mar chéad chéim i gcomhréir leis an nós imeachta atá leagtha amach i dTeideal VI den Chonradh ar an Aontas Eorpach d'fhonn teacht ar réiteach. 35



Mura mbeidh réiteach faighte laistigh de thréimhse sé mhí, féadfaidh páirtí sa díospóid í a chur faoi bhráid Chúirt Bhreithiúnais na gComhphobal Eorpach.

5 2. Aon díospóid idir Ballstát amháin nó níos mó agus Coimisiún na gComhphobal Eorpach maidir leis an gCoinbhinsiún seo a chur i bhfeidhm nárbh fhéidir a réiteach trí chaibidliocht, féadfar í a chur faoi bhráid na Cúirte Breithiúnais.

SEVENTH SCHEDULE

THE TEXT IN THE IRISH LANGUAGE OF THE  
AGREEMENT

**COMHAONTÚ I DTAOBH AN COINBHINSIÚN ARNA  
DHRÉACTÚ AR BHONN AIRTEAGAL K.3 DEN  
CHONRADH AR AN AONTAS EORPACH MAIDIR LE  
HÚSÁID THEICNEOLAÍOCHT AN EOLAIS CHUN  
CRÍOCHA CUSTAIM A CHUR I BHFEIDHM GO  
SEALADACH IDIR BHALSTÁIT ÁIRITHE DEN AONTAS  
EORPACH** 5 10

TÁ

RÍOCHT NA BEILGE,

RÍOCHT NA DANMHAIRGE,

POBLACHT CHÓNAIDHME NA GEARMÁINE,

AN PHOBLACHT HEILLÉANACH, 15

RÍOCHT NA SPÁINNE,

POBLACHT NA FRAINCE,

ÉIRE,

POBLACHT NA hIODÁILE,

ARD-DIÚCACHT LUCSAMBURG, 20

RÍOCHT NA hÍSILTÍRE,

POBLACHT NA hOSTAIRE,

POBLACHT NA PORTAINGÉILE,

POBLACHT NA FIONLAINNE,

RÍOCHT NA SUALAINNE, 25

RÍOCHT AONTAITHE NA BREATAINE MÓIRE AGUS  
THUAISCEART ÉIREANN,

Ballstáit an Aontais Eorpaigh agus sínitheoirí Choinbhinsiún an  
26 Iúil 1995 arna dhréachtú ar bhonn Airteagal K.3 den Chonradh  
ar an Aontas Eorpach maidir le húsáid theicneolaíocht an eolais 30  
chun críocha custaim, dá ngairtear “an Coinbhinsiún” anseo feasta,

AG FÉACHAINT dá thábhachtaí atá sé an Coinbhinsiún a chur i  
bhfeidhm go luath;

DE BHRÍ nach gcoiscfidh forálacha Theideal VI den Chonradh ar  
an Aontas Eorpach, de bhun Airteagal K.7 den Chonradh sin, com- 35  
har níos dlúithe idir dhá Bhallstát nó níos mó a thionscnamh ná a  
fhorbairt a mhéad nach mbeidh an comhar sin ina shárú ná ina bhac  
ar an gcomhar dá bhforáiltear i dTeideal VI den Chonradh sin,

DE BHRÍ nach mbeadh an Coinbhinsiún a chur i bhfeidhm go seala- 40  
dach idir Bhallstáit áirithe den Aontas Eorpach ina shárú ná ina bhac  
ar an gcomhar dá bhforáiltear i dTeideal VI den Chonradh ar an  
Aontas Eorpach,

TAR ÉIS COMHAONTÚ MAR A LEANAS:

*Airteagal 1*

Chun críocha an Chomhaontaithe seo:

- 5 — ciallaíonn “Coinbhinsiún” an Coinbhinsiún arna dhréachtú ar bhonn Airteagal K.3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach maidir le húsáid theicneolaíocht an eolais chun críocha custaim,
- ciallaíonn “Ardpháirtithe Conarthacha” na Ballstáit den Aontas Eorpach is páirtithe sa Choinbhinsiún,
- 10 — ciallaíonn “Páirtithe” na Ballstáit den Aontas Eorpach is páirtithe sa Chomhaontú seo.

*Airteagal 2*

Beidh an Coinbhinsiún infheidhme go sealadach idir na hArdpháirtithe Conarthacha is páirtithe sa Chomhaontú seo amhail ón gcéad lá den tríú mí tar éis don ochtú Ardpháirtí Conarthach a dhéanann amhlaidh ionstraim formheasta, glactha nó daingnithe an Chomhaontaithe seo a thaisceadh.

*Airteagal 3*

Na forálacha idirthréimhseacha is gá chun an Coinbhinsiún a chur i bhfeidhm go sealadach, déanfaidh na hArdpháirtithe Conarthacha sin a mbeidh an Coinbhinsiún infheidhme go sealadach eatarthu iad a ghlacadh de thoil a chéile i gcomhairle leis na hArdpháirtithe Conarthacha eile. Fad atá an cur i bhfeidhm sealadach ann, feidhmeoidh na hArdpháirtithe Conarthacha, ag gníomhú dóibh de thoil a chéile i ndlúthchomhlachas le Coimisiún na gComhphobal Eorpach, feidhmeanna an choiste dá bhforáiltear in Airteagal 16 den Choinbhinsiún. Ní dhéanfar Airteagail 7(3) agus 16 den Choinbhinsiún a chur chun feidhme sa tréimhse sin.

*Airteagal 4*

1. Beidh an Comhaontú ar oscailt chun a shíniú ag Ballstáit a shíníonn an Coinbhinsiún. Beidh sé faoi réir a fhorghníomhaíochta, a ghlactha nó a dhaingnithe. Tiocfaidh sé i bhfeidhm ar an gcéad lá den tríú mí tar éis don ochtú Ardpháirtí Conarthach a dhéanann amhlaidh a ionstraim formheasta, glactha nó daingnithe a thaisceadh.

2. I gcás Ardpháirtí Conarthach a ionstraim formheasta, glactha nó daingnithe a thaisceadh ar dháta níos déanaí, tiocfaidh an Comhaontú seo i bhfeidhm ar an gcéad lá den tríú mí tar éis dó an ionstraim sin a thaisceadh.

3. Taiscfear na hionstraimí formheasta, glactha nó daingnithe le hArdnáisiúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh. Feidhmeoidh sé feidhmeanna an taiscí.

### *Airteagal 5*

Tarraingíodh an Comhaontú seo suas i scríbhinn bhunaidh amháin sa Bhéarla, sa Danmhairgis, san Fhionlainnis, sa Fhraincis, sa Ghaeilge, sa Ghearmáinis, sa Ghréigis, san Iodáilis, san Ollainnis, sa Phortaingéilis, sa Spáinnis agus sa tSualainnis agus comhúdarás ag gach ceann de na téacsanna sin; taiscfear é le hArdrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus cuirfidh sé cóip dheimhnithe chuig gach ceann de na Páirtithe. 5

### *Airteagal 6*

Rachaidh an Comhaontú seo in éag ar theacht i bhfeidhm don 10 Choinbhinsiún.

EIGHTH SCHEDULE

THE TEXT IN THE IRISH LANGUAGE OF THE 1996  
PROTOCOL

5 **PRÓTACAL ARNA DHRÉACHTÚ AR BHONN AIRTEAGAL  
K.3 DEN CHONRADH AR AN AONTAS EORPACH, MAIDIR  
LE LÉIRIÚ, TRÍ RÉAMHRIALÚ, AG CÚIRT  
BHREITHIÚNAIS NA GCOMHPHOBAL EORPACH AR AN  
gCOINBHINSIÚN MAIDIR LE HÚSÁID THEICNEOLAÍOCHT  
AN EOLAIS CHUN CRÍOCHA CUSTAIM**

10 TÁ NA hARDPHÁIRTITHE CONARTHACHA,

TAR ÉIS COMHAONTÚ ar na forálacha seo a leanas a chuirfear i  
gceangal leis an gCoinbhinsiún:

*Airteagal 1*

15 Beidh dlínse ag Cúirt Bhreithiúnais na gComhphobal Eorpach,  
faoi na coinníollacha atá leagtha síos sa Phrótacal seo, chun réamhri-  
aluithe a thabhairt ar léiriú ar an gCoinbhinsiún maidir le húsáid  
theicneolaíocht an eolais chun críocha custaim.

*Airteagal 2*

20 1. Féadfaidh aon Bhallstát, trí dhearbhu a dhéanamh tráth sínithe  
an Phrótacail seo nó aon tráth eile ina dhiaidh sin, glacadh le dlínse  
Chúirt Bhreithiúnais na gComhphobal Eorpach chun réamhrialuithe  
a thabhairt ar léiriú ar an gCoinbhinsiún maidir le húsáid theicneolaí-  
ocht an eolais chun críocha custaim faoi na coinníollacha atá sonrai-  
the i bpointe (a) de mhír 2 nó i bpointe (b) de mhír 2.

25 2. Féadfaidh Ballstát a dhéanann dearbhú faoi mhír 1 a shonrú:

30 (a) go bhféadfaidh aon cheann de chúirteanna nó binsí an  
Bhallstáit sin nach bhfuil leigheas breithiúnach faoin dlí  
náisiúnta in aghaidh a bhreitheanna a iarraidh ar Chúirt  
Bhreithiúnais na gComhphobal Eorpach réamhrialú a  
35 thabhairt ar cheist a ardaítear i gcás atá ar feitheamh os a  
chomhair agus a bhaineann le léiriú ar an gCoinbhinsiún  
maidir le húsáid theicneolaíocht an eolais chun críocha  
custaim má mheasann an chúirt nó an binse sin gur gá  
breith a thabhairt ar an gceist ionas go bhféadfaidh sé  
breithiúnas a thabhairt; nó

40 (b) go bhféadfaidh aon cheann de chúirteanna nó binsí an  
Bhallstáit sin a iarraidh ar Chúirt Bhreithiúnais na  
gComhphobal Eorpach réamhrialú a thabhairt ar cheist a  
ardaítear i gcás atá ar feitheamh os a chomhair agus a  
bhaineann le léiriú ar an gCoinbhinsiún maidir le húsáid  
theicneolaíocht an eolais chun críocha custaim má mheas-  
ann an chúirt nó an binse sin gur gá breith a thabhairt ar  
an gceist ionas go bhféadfaidh sé breithiúnas a thabhairt.

*Airteagal 3*

45 1. Beidh an Prótacal ar Reacht Chúirt Bhreithiúnais na  
gComhphobal Eorpach agus Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Brei-  
thiúnais sin infheidhme.

2. I gcomhréir le Reacht Chúirt Bhreithiúnais na gComhphobal Eorpach, beidh gach Ballstát, bíodh nó ná bíodh dearbhú de bhun Airteagal 2 déanta aige, i dteideal ráitis cháis nó barúlacha i scríbhinn a thíolacadh do Chúirt Bhreithiúnais na gComhphobal Eorpach i gcásanna a thagann chun cinn faoi Airteagal 1. 5

#### *Airteagal 4*

1. Beidh an Prótacal seo faoi réir a ghlactha ag na Ballstáit i gcomhréir lena rialacha bunreachtúla faoi seach.

2. Cuirfidh na Ballstáit in iúl don taiscí go bhfuil na nósanna imeachta is gá faoina rialacha bunreachtúla faoi seach chun an Prótacal seo a ghlacadh comhlionta acu, agus cuirfidh siad in iúl dó freisin aon dearbhú arna dhéanamh de bhun Airteagal 2. 10

3. Tiocfaidh an Prótacal seo i bhfeidhm nócha lá tar éis don fhógra dá dtagraítear i mír 2 a bheith tugtha ag an Stát, is Ballstát den Aontas Eorpach tráth na Comhairle do ghlacadh an Ghnímh ag dréachtú an Phrótacail seo, is déanaí a dhéanfaidh an beart sin. Ar a shon sin, tiocfaidh sé i bhfeidhm ar a luaithe san am céanna leis an gCoinbhinsiún maidir le húsáid theicneolaíocht an eolais chun críocha custaim. 15

#### *Airteagal 5*

20

1. Beidh aontachas leis an bPrótacal seo ar oscailt d'aon Stát a thagann chun bheith ina Bhallstát den Aontas Eorpach.

2. Taiscfear na hionstraimí aontachais leis an taiscí.

3. Is téacs údarásach téacs an Phrótacail seo i dteanga an Stáit aontaigh, arna dhréachtú ag Comhairle an Aontais Eorpaigh. 25

4. Tiocfaidh an Prótacal seo i bhfeidhm i leith aon Stáit aontaigh nócha lá tar éis dó a ionstraim aontachais a thaisceadh nó ar dháta an Phrótacail seo a theacht i bhfeidhm mura mbeidh sé tagtha i bhfeidhm fós tráth na tréimhse nócha lá thuasluaite a dhul in éag.

#### *Airteagal 6*

30

Aon Stát a thagann chun bheith ina Bhallstát den Aontas Eorpach agus a aontaíonn don Choinbhinsiún maidir le húsáid theicneolaíocht an eolais chun críocha custaim i gcomhréir le hAirteagal 25 de, glacfaidh sé le forálacha an Phrótacail seo.

#### *Airteagal 7*

35

1. Féadfaidh gach Ballstát is Ardpháirtí Conarthach leasuithe ar an bPrótacal seo a mholadh. Cuirfear gach togra do leasú chuig an taiscí agus cuirfidh seisean in iúl don Chomhairle é.

2. Glacfaidh an Chomhairle na leasuithe agus molfaidh sí iad lena nglacadh ag na Ballstáit i gcomhréir lena rialacha bunreachtúla faoi seach. 40

3. Tiocfaidh na leasuithe arna nglacadh amhlaidh i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 4.

### *Airteagal 8*

5 1. Is é Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh taiscí an Phrótacail seo.

2. Foilseoidh an taiscí in Iris Oifigiúil na gComhphobal Eorpach fógraí, ionstraimí agus cumarsáidí a bhaineann leis an bPrótacal seo.

10 Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an naoú lá is fiche de Shamhain, míle naoi gcéad nócha a sé, i scríbhinn bhunaidh amháin sa Bhéarla, sa Danmhairgis, san Fhionlainnis, sa Fhraincis, sa Ghaeilge, sa Ghearmáinis, sa Ghréigis, san Iodáilis, san Ollainnis, sa Phortaingéilis, sa Spáinnis agus sa tSualainnis, agus comhúdarás ag gach ceann de na téacsanna sin.

NINTH SCHEDULE

THE TEXT IN THE IRISH LANGUAGE OF THE CUSTOMS  
COOPERATION CONVENTION

<b>AN COINBHINSIÚN ARNA DHRÉACHTÚ AR BHONN AIRTEAGAL K.3 DEN CHONRADH AR AN AONTAS EORPACH, MAIDIR LE CÚNAMH FRITHPHÁIRTEACH AGUS COMHAR IDIR RIARACHÁIN CHUSTAIM</b>	5
TÁ NA hARDPHÁIRTITHE CONARTHACHA sa Choinbhinsiún seo, Ballstáit an Aontais Eorpaigh,	
AG TAGAIRT do Ghníomh ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh an 18 Nollaig 1997;	10
AG MEABRHÚ DÓIBH an gá na gealltanais a neartú atá sa Choinbhinsiún maidir le riaracháin chustaim do sholáthar cúnamh frithpháirteach arna shníú sa Róimh ar an 7 Meán Fómhair 1967;	
DE BHRÍ go bhfuil riaracháin chustaim freagrach, ar chríoch chustaim an Chomhphobail agus go háirithe ag a pointí iontrála agus fágála, as cionta ní amháin in aghaidh rialacha an Chomhphobail ach in aghaidh dlíthe náisiúnta freisin, go háirithe na cásanna atá folaithe ag Airteagail 36 agus 223 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh, a chosc, a imscrúdú agus a chur faoi chois;	15 20
DE BHRÍ gur bagairt thromchúiseach don tsláinte phoiblí, don mhórtacht phoiblí agus don tslándáil phoiblí an treocht atá ag teacht chun cinn ionsar gháinneáil aindleathach de gach saghas;	
DE BHRÍ gur cóir foirmeacha sonracha comhair a rialú lena ngabhfadh gníomhaíochtaí trasteorann d'fhonn sáruithe áirithe ar reachtaíocht náisiúnta na mBallstát agus rialacháin chustaim an Chomhphobail araon a chosc, a imscrúdú agus a ionchúiseamh agus de bhri nach foláir gníomhaíochtaí trasteorann den sórt sin a dhéanamh i gcónaí i gcomhlíonadh phrionsabail na dlíthiúlachta (an dlí ábhartha is infheidhme sa Bhallstát iarrtha agus treoracha údarais inniúla an Bhallstáit sin a chomhlíonadh), na coimhdeachta (gan tús a chur le gníomhaíochtaí den sórt sin ach nuair is follas nach iomchuí foirmeacha eile gníomhaíochta ar lú a suntas) agus na comhréireachta (scála agus fad na gníomhaíochta a chinneadh i bhfianaise thromchúis an tsáraithe a thiomhdítear);	25 30 35
ÓS DEIMHIN LEO gur gá an comhar idir riaracháin chustaim a athneartú trí nósanna imeachta a leagan síos faoina bhféadfaidh riaracháin chustaim gníomhú go comhpháirteach agus sonraí a mhalartú a bhaineann le gníomhaíochtaí gáinneála aindleathacha;	
AG COIMEÁD I gCUIMHNE DÓIBH go mbíonn ar na riaracháin chustaim ina n-obair laethúil idir fhorálacha an Chomhphobail agus fhorálacha náisiúnta a chur chun feidhme agus go bhfuil, dá dheasca sin, riachtanas follasach ann a áirithiú go bhfabhraíonn na forálacha maidir le cúnamh frithpháirteach agus comhar sa dá earnáil go comhthreomhar a mhéad is féidir,	40 45
TAR ÉIS COMHAONTÚ AR NA FORÁLACHA SEO A LEANAS:	



## TEIDEAL I — FORÁLACHA GINEARÁLTA

### *Airteagal 1*

#### *Raon feidhme*

5 1. Gan dochar d'inniúlachtaí an Chomhphobail, cuirfidh Ballstáit an Aontais Eorpaigh cúnamh frithpháirteach ar fáil dá chéile agus comhoibreoidh siad le chéile trína riaracháin chustaim d'fhonn:

— sárúithe ar fhorálacha náisiúnta custaim a chosc agus a bhrath, agus

10 — sárúithe ar fhorálacha custaim an Chomhphobail agus forálacha náisiúnta custaim a ionchúiseamh agus a phionósú.

15 2. Gan dochar d'Airteagal 3, ní dhéanfaidh an Coinbhinsiún seo difear do na forálacha is infheidhme maidir le cúnamh frithpháirteach in ábhair choiriúla idir údaráis bhreithiúnacha, d'fhorálacha níos fabhraí i gcomhaontuithe déthaobhacha nó iltaobhacha idir Ballstáit a rialaíonn an comhar dá bhforáiltear i mír 1 idir údaráis chustaim nó údaráis inniúla eile na mBallstát, ná do shocruithe sa réimse céanna arna gcomhaontú ar bhonn reachtaíochta combhionainne nó córais speisialta lena bhforáiltear bearta cúnaimh fhrithpháirtigh a chur i bhfeidhm go cómhalartach.

20

### *Airteagal 2*

#### *Cumhachtaí*

25 Cuirfidh na riaracháin chustaim an Coinbhinsiún seo i bhfeidhm laistigh de theorainneacha na gcumhachtaí a thugtar dóibh faoi fhorálacha náisiúnta. Ní fhéadfar aon ní sa Choinbhinsiún seo a fhorléiriú mar ní a dhéanann difear do na cumhachtaí a thugtar faoi fhorálacha náisiúnta do na riaracháin chustaim de réir bhrí an Choinbhinsiúin seo.

### *Airteagal 3*

#### *Gaolmhaireacht le cúnamh frithpháirteach arna sholáthar ag na húdaráis bhreithiúnacha*

30 1. Folatonn an Coinbhinsiún seo cúnamh frithpháirteach agus comhar faoi chuimsiú na n-imscrúduithe coiriúla maidir le sárúithe ar fhorálacha náisiúnta custaim agus forálacha custaim an Chomhphobail a bhfuil dlínse ag an údarás iarrthach ina leith ar bhonn fhorálacha náisiúnta an Bhallstáit ábhartha.

35 2. Nuair a dhéanann údarás breithiúnach imscrúdú coiriúil nó nuair a dhéantar imscrúdú coiriúil faoina stiúir, cinntíonn an t-údarás sin an dtíolacfar iarrataí ar chúnamh frithpháirteach nó ar chomhar maidir leis sin ar bhonn na bhforálacha is infheidhme maidir le cúnamh frithpháirteach in ábhair choiriúla nó ar bhonn an Choinbhinsiúin seo.

40

### *Airteagal 4*

#### *Sainmhínte*

Chun críocha an Choinbhinsiúin seo, beidh feidhm ag na sainmhínte seo a leanas:

45 1.—“forálacha náisiúnta custaim”: forálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin uile de chuid Ballstáit a dtagann a gcur i

bhfeidhm go hiomlán nó go páirteach faoi dhlinse riarachán custaim an Bhallstáit sin maidir le:

- trácht trasteorann in earraí atá faoi réir toirmeasc, srianta nó rialuithe, go háirithe faoi Airteagail 36 agus 223 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh; 5
  - dleachtanna máil neamh-chomhchuibhithe;
- 2.—“forálacha custaim an Chomhphobail”:
- bailiúchán fhorálacha an Chomhphobail, agus forálacha cur chun feidhme a bhaineann leo, a rialaíonn allmhairiú, onnmhairiú, idirthuras agus láithreach earraí arna dtrádáil idir Ballstáit agus tríú tíortha, agus idir Ballstáit i gcás earraí nach bhfuil stádas Comhphobail acu de réir bhrí Airteagal 9(2) den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh nó earraí atá faoi réir rialuithe nó imscrúduithe breise chun a stádas Comhphobail a bhunú; 10  
15
  - bailiúchán na bhforálacha arna nglacadh ar leibhéal an Chomhphobail faoin gcomhbheartas talmhaíochta agus na forálacha sonracha arna nglacadh i ndáil le hearraí a thig ó tháirgí talmhaíochta a phróiseáil;
  - bailiúchán na bhforálacha arna nglacadh ar leibhéal an Chomhphobail maidir le dleachtanna comhchuibhithe máil agus le cáin bhreisluacha ar allmhairiú mar aon leis na forálacha náisiúnta á gcur chun feidhme; 20
- 3.—“sáruithe”: gníomhartha atá codarsnach le forálacha náisiúnta custaim nó forálacha custaim an Chomhphobail, lena n-áirítear, inter alia: 25
- rannpháirtíocht i sáruithe den sórt sin nó in iarrachtaí ar sáruithe den sórt sin a dhéanamh;
  - rannpháirtíocht in eagraíocht choiriúil a dhéanann sáruithe den sórt sin; 30
  - sciúradh an airgid a thig ó na sáruithe dá dtagraítear sa mhír seo;
- 4.—“cúnamh frithpháirteach”: riaracháin chustaim do sholáthar cúnamh mar a fhoráiltear sa Choinbhinsiún seo;
- 5.—“údarás iarrthach”: an t-údarás inniúil de chuid an Bhallstáit a dhéanann iarraidh ar chúnamh; 35
- 6.—“údarás iarrtha”: an t-údarás inniúil de chuid an Bhallstáit a ndéantar iarraidh ar chúnamh air;
- 7.—“riaracháin chustaim”: údaráis chustaim na mBallstát agus údaráis eile a bhfuil dlínse acu chun forálacha an Choinbhinsiúin seo a chur chun feidhme; 40
- 8.—“sonraí pearsanta”: gach faisnéis a bhaineann le duine nádúrtha sainaitheanta nó atá insainaitheanta; meastar go bhfuil duine insainaitheanta más féidir é a shainaithint go díreach nó go hindíreach, inter alia trí uimhir aitheantais nó trí shaintréith nó saintréithe dá chéannacht fhisiceach, fhiseolaíoch, shíceolaíoch, eacnamaíoch, chultúrtha nó shóisialta; 45
- 9.—“comhar trasteorann”: comhar idir riaracháin chustaim thar theorainneacha gach Ballstáit.

## Airteagal 5

### Láraonaid chomhordaithe

1. Ceapfaidh na Ballstáit láraonad (aonad comhordaithe) ina n-údaráis chustaim. Beidh sé freagrach as gach iarratas ar chúnamh frithpháirteach faoin gCoinbhinsiún seo a ghlacadh agus as cúnaimh frithpháirteach a chomhordú, gan dochar do mhír 2. Beidh an t-aonad freagrach freisin as an gcomhar le húdaráis eile atá i gceist i mbeart cúnaimh faoin gCoinbhinsiún seo. Coinneoidh aonaid chomhordaithe na mBallstát an teagmháil dhíreach is gá le chéile, go háirithe sna cásanna atá folaithe i dTeideal IV.

2. Ní eisíafaídh gníomhaíocht na láraonad comhordaithe, go háirithe tráth éigeandála, comhar díreach idir seirbhísí eile de chuid údaráis chustaim na mBallstát. Ar chúiseanna éifeachtachta agus comhchuibhis, cuirfear na láraonaid chomhordaithe ar an eolas faoi aon gníomhaíocht lena ngabfaidh comhar díreach den sórt sin.

3. Mura mbeidh údarás custaim inniúil, nó mura mbeidh sé inniúil go hiomlán, chun iarraidh a phróiseáil, díreoidh an láraonad comhordaithe an iarraidh chuig an údarás náisúnta inniúil agus cuirfidh sé an t-údarás iarrthach ar an eolas go bhfuil sin déanta aige.

4. Mura féidir géilleadh d'iarraidh ar chúiseanna dlí nó ar chúiseanna substainteacha, cuirfidh an t-aonad comhordaithe an iarraidh ar ais chuig an údarás iarrthach mar aon le míniúchán ar na cúiseanna nárbh fhéidir an iarraidh a phróiseáil.

## Airteagal 6

### Oifigigh liaison

1. Féadfaidh Ballstáit comhaontuithe a dhéanamh eatarthu féin maidir le hoifigigh liaison a mhalartú go ceann tréimhsí teoranta nó neamhtheoranta, i gcomhréir le coinníollacha arna gcomhaontú go frithpháirteach.

2. Ní bheidh aon chumhachtaí idirghabhála ag oifigigh liaison sa tír aíochta.

3. D'fhonn an comhar idir riaracháin chustaim na mBallstát a chur ar aghaidh, féadfaidh oifigigh liaison, le comhaontú údaráis inniúil na mBallstát nó arna iarraidh sin do na húdaráis inniúla sin, na dualgais seo a leanas a bheith orthu:

(a) an malartú faisnéise idir na Ballstáit a chur ar aghaidh agus a bhrostú;

(b) cúnaimh a thabhairt in imscrúduithe a bhaineann lena mBallstát féin nó leis an mBallstát a ionadaíonn siad;

(c) tacaíocht a thabhairt chun déileáil le hiarrataí ar chúnamh;

(d) comhairle agus cúnaimh a thabhairt don tír aíochta maidir le hoibríochtaí trasteorann a ullmhú agus a chur i gcrích;

(e) aon dualgais eile ar a bhféadfaidh na Ballstáit comhaontú eatarthu féin.

4. Féadfaidh na Ballstáit comhaontú go déthaobhach nó go hilaobhach ar théarmaí tagartha agus ar shuíomh na n-oifigeach liaison. Féadfaidh oifigigh liaison freisin leasanna Ballstáit amháin nó níos mó a ionadú.

## Airteagal 7

### *Oibleagáid an chéannacht a chruthú*

Mura bhforáiltear a mhalairt sa Choinbhinsiún seo, beidh oifigigh de chuid an údaráis iarrthaigh atá i mBallstát eile chun na cearta atá leagtha síos sa Choinbhinsiún seo a fheidhmiú in ann i gcónaí údarás i scríbhinn a thabhairt ar aird a shonraíonn a gcéannacht agus a bhfeidhmeanna oifigiúla. 5

## TEIDEAL II — CÚNAMH AR É A IARRAIDH

### Airteagal 8

#### *Prionsabail* 10

1. Chun an cúnamh is gá faoin Teideal seo a chur ar fáil, gníomhóidh an t-údarás iarrtha nó an t-údarás inniúil ar dhírigh sé an iarraidh chuige amhail is dá mbeadh sé ag gníomhú thar a cheann féin nó ar iarraidh ó údarás eile ina Bhallstát féin. Lena linn sin, bainfidh sé leas as na cumhachtaí dlíthiúla uile atá ar fáil dó faoi chuimsiú a dhlí náisiúnta chun an iarraidh a fhreagairt. 15

2. Cuirfidh an t-údarás iarrtha an cúnamh sin i mbaint le himthosca uile an tsáraithe a bhfuil aon bhaint inaitheanta aige le hábhar na hiarrata ar chúnamh gan gá a bheith le hiarraidh sa bhreis chuige sin. Má tá amhras ann, rachaidh an t-údarás iarrtha i dteagmháil i dtosach báire leis an údarás iarrthach. 20

### Airteagal 9

#### *Foirm agus inneachar na hiarrata ar chúnamh*

1. Déanfar iarrataí ar chúnamh i scríbhinn i gcónaí. Beidh na doiciméid is gá chun na hiarrataí sin a fhorghníomhú in éineacht leis an iarraidh. 25

2. Cuimseoidh na hiarrataí arna ndéanamh de bhun mhír 1 an fhaisnéis seo a leanas:

- (a) an t-údarás iarrthach atá ag déanamh na hiarrata;
- (b) an beart arna iarraidh; 30
- (c) críoch agus cúis na hiarrata;
- (d) na dlíthe, na rialacha agus na forálacha dlí eile atá i gceist;
- (e) sonraí chomh cruinn cuimsitheach agus is féidir ar na daoine nádúrtha nó dlítheanacha is ábhar do na himscrúduithe;
- (f) achoimre ar na fíorais ábhartha, seachas na cásanna dá bhforáiltear in Airteagal 13. 35

3. Tíolacfar iarrartaí i dteanga oifigiúil de chuid Bhallstát an údaráis iarrtha nó i dteanga is inghlactha ag an údarás sin.

4. Glacfar le hiarrataí ó bhéal nuair is gá sin ar chúiseanna práinne ach ní mór iad a dhainníú i scríbhinn a luaithe is féidir.

5. Mura gcomhallann iarraidh na ceanglais fhoirmiúla, féadfaidh an t-údarás iarrrha a iarraidh go ndéantar í a cheartú nó a chomhlánú; féadfar bearta a dhéanamh idir an dá linn atá riachtanach chun an iarraidh a chomhlíonadh.

10. 6. Comhaontóidh an t-údarás iarrrha nós imeachta áirithe a chur i bhfeidhm agus an iarraidh á freagairt aige ar choinníoll nach bhfuil an nós imeachta sin codarsnach le forálacha dlí agus riarthacha an Bhallstáit iarrrha.

### *Airteagal 10*

#### *Iarrataí ar fhaisnéis*

15. 1. Arna iarraidh sin don údarás iarrrhach, páirteoidh an t-údarás iarrrha gach faisnéis leis chun gur féidir leis sárúithe a chosc, a bhrath agus a ionchúiseamh.

20. 2. Beidh in éineacht leis an bhfaisnéis arna páirtíú tuarascálacha agus doiciméid eile, nó cóipeanna deimhnithe díobh nó sleachta astu, ar a bhfuil an fhaisnéis sin bunaithe agus atá i seilbh an údarás iarrrha nó a tugadh ar aird nó a fuarthas d'fhonn an iarraidh ar fhaisnéis a fhorghníomhú.

25. 3. Trí chomhaontú idir an t-údarás iarrrhach agus an t-údarás iarrrha, féadfaidh oifigigh arna n-údarú ag an údarás iarrrhach, faoi réir teagasc mionsonraithe ón údarás iarrrha, faisnéis a fháil de bhun mhír 1 ó oifigí an Bhallstáit iarrrha. Beidh feidhm aige sin maidir le gach faisnéis arna fáil ón doiciméadú a bhfuil rochtain air ag foireann na n-oifigí sin. Údarófar do na hoifigigh sin cóipeanna a ghlacadh den doiciméadú sin.

### *Airteagal 11*

#### *Iarrataí ar fhaireachán*

30. Arna iarraidh sin don údarás iarrrhach, déanfaidh an t-údarás iarrrha a mhéad is féidir faire speisialta, nó cuirfidh sé faoi deara go ndéanfar faire speisialta, ar dhaoine nuair atá forais thromchúiseacha lena chreidiúint go bhfuil sárú déanta acu ar fhorálacha custaim an Chomhphobail nó forálacha custaim náisiúnta nó go bhfuil sárú á dhéanamh acu orthu nó go bhfuil bearta ullmhúcháin curtha i gcrích acu d'fhonn sárúithe den sórt sin a dhéanamh. Arna iarraidh sin don údarás iarrrhach, déanfaidh an t-údarás iarrrha faire freisin ar áiteanna, ar chóiracha iompair agus ar earraí a bhfuil baint acu le gníomhaíochtaí a d'fhéadfadh bheith ina sárú ar na forálacha custaim thuasluaite.

### *Airteagal 12*

#### *Iarrataí ar fhiosrúcháin*

45. 1. Déanfaidh an t-údarás iarrrha, arna iarraidh sin don údarás iarrrhach, fiosrúcháin iomchuí, nó cuirfidh sé faoi deara go ndéanfar fiosrúcháin iomchuí, ar oibríochtaí ar sárúithe iad nó ar cosúil don údarás iarrrhach gur sárúithe iad.

Páirteoidh an t-údarás iarrrha torthaí na bhfiosrúcháin sin leis an údarás iarrrhach. Beidh feidhm mutatis mutandis ag Airteagal 10(2).

2. Trí chomhaontú idir an t-údarás iarrthach agus an t-údarás iarrtha, féadfaidh oifigigh arna gceapadh ag an údarás iarrthach bheith i láthair ag na fiosrúcháin dá dtagraítear i mír 1. Is oifigigh de chuid an údaráis iarrtha a dhéanfaidh na fiosrúcháin i gcónaí. Ní fhéadfaidh oifigigh an údaráis iarrthaigh, ar a dtionscnamh féin, na cumhachtaí a thugtar d'oifigigh an údaráis iarrtha a ghabháil orthu féin. Ar a shon sin, beidh rochtain acu ar an áitreabh céanna agus ar na doiciméid chéanna atá ag oifigigh an údaráis iarrtha, faoina n-idirghabháil siúd agus chun críche an fhiosrúcháin atá á dhéanamh agus chuige sin amháin.

### *Airteagal 13*

#### *Fógra*

1. Arna iarraidh sin don údarás iarrthach, tabharfaidh an t-údarás iarrtha, i gcomhréir le rialacha náisiúnta an Bhallstáit ina bhfuil sé bunaithe, fógra don seolaí nó cuirfidh sé faoi deara go dtabharfar fógra dó, faoi na hionstraimí nó na cinntí uile a thagann ó údaráis inniúla an Bhallstáit a bhfuil a shuíomh ag an údarás iarrthach ann agus a bhaineann leis an gCoinbhinsiún seo a chur i bhfeidhm.

2. Beidh in éineacht le hiarrataí ar fhógra, a luann ábhar na hionstraime nó an chinnidh a bhfuil fógra le tabhairt ina thaobh, aistriúchán i dteanga oifigiúil nó i gceann de theangacha oifigiúla an Bhallstáit ina bhfuil an t-údarás iarrtha bunaithe, gan dochar do cheart an údaráis sin aistriúchán den sórt sin a tharscaoileadh.

### *Airteagal 14*

#### *Úsáid mar fhianaise*

Féadfaidh comhlachtaí inniúla an Bhallstáit ina bhfuil an t-údarás iarrthach bunaithe cinntí, deimhnithe, faisnéis, doiciméid, cóipeanna fiordheimhnithe agus páipéir eile arna bhfáil i gcomhréir lena ndlí náisiúnta ag oifigigh an údaráis iarrtha agus arna dtarchur chuig an údarás iarrthach sna cásanna cúnaimh dá bhforáiltear in Airteagail 10 go 12 a úsáid mar fhianaise i gcomhréir leis an dlí náisiúnta.

## TEIDEAL III — CÚNAMH SPONTÁINEACH

### *Airteagal 15*

#### *Prionsabal*

Déanfaidh údaráis inniúla gach Ballstáit, mar atá leagtha síos in Airteagail 16 agus 17, faoi réir aon teorainneacha arna bhforchur ag an dlí náisiúnta, cúnamh a sholáthar d'údaráis inniúla na mBallstát eile gan é a bheith iarrtha roimh ré.

### *Airteagal 16*

#### *Faireachán*

Nuair a fhónann sé do chionta a chosc, a bhrath agus a ionchúiseamh i mBallstát eile, déanfaidh údaráis inniúla gach Ballstát:

- (a) a mhéad is féidir an faire speisialta arna thuairisc in Airteagal 11 a dhéanamh, nó a chur faoi deara go ndéantar é;

5 (b) gach faisnéis atá ina seilbh acu, agus go háirithe tuarascála-  
cha agus doiciméid eile nó cóipeanna dilse deimhniithe  
díobh nó sleachta astu, a bhaineann le hoibríochtaí a  
bhfuil baint acu le cion arna bheartú nó arna dhéanamh,  
a pháirtíú le húdarais inniúla na mBallstát eile i dtrácht.

### *Airteagal 17*

#### *Faisnéis spontáineach*

10 Cuirfidh údarais inniúla gach Ballstát láithreach chuig údarais  
inniúla na mBallstát eile i dtrácht gach faisnéis ábhartha a bhaineann  
le cionta arna mbeartú nó arna ndéanamh agus go háirithe faisnéis  
faoi na hearraí i gceist agus modhanna agus meáin nua chun cionta  
den sórt sin a dhéanamh.

### *Airteagal 18*

#### *Úsáid mar fhianaise*

15 Tuarascálacha faireacháin agus faisnéis arna bhfáil ag oifigigh de  
chuid Ballstát amháin agus arna bpáirtíú le Ballstát eile i gcúrsa an  
chúnaimh spontáinigh dá bhforáiltear in Airteagail 15 go 17, féad-  
faidh comhlachtaí inniúla an Bhallstáit a ghlacann an fhaisnéis iad a  
úsáid mar fhianaise, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta.

## 20 TEIDEAL IV — FOIRMEACHA SPEISIALTA COMHAIR

### *Airteagal 19*

#### *Prionsabail*

25 1. Rachaidh riaracháin chustaim i mbun comhair thrasteorann i  
gcomhréir leis an Teideal seo. Soláthróidh siad dá chéile an cúnaimh  
is gá i ndáil le foireann agus tacaíocht eagrúcháin. Is i bhfoirm iar-  
rataí ar chúnaimh i gcomhréir le hAirteagal 9 a bheidh iarrataí ar  
chomhar, de ghnáth. I gcásanna sonracha dá dtagraítear sa Teideal  
seo, féadfaidh oifigigh den údarás iarrthach gabháil le gníom-  
haíochtaí ar chríoch an Stáit iarrtha, le formheas an údarais  
30 iarrthaigh.

Is iad na láraonaí chomhordaithe i gcomhréir le hAirteagal 5 a  
bheidh freagrach as oibríochtaí trasteorann a chomhordú agus a  
phleanáil.

35 2. Ceadófar comhar trasteorann de réir bhrí mhír 1 chun sárúithe  
a chosc, a imscrúdú agus a ionchúiseamh i gcásanna ina bhfuil:

40 (a) gáinneáil aindleathach drugaí agus substaintí síceatrópacha,  
arm, muinisean, ábhar pléascach, earraí cultúrtha, dram-  
haíola contúirtí agus tocsainí, ábhair núicléach nó ábhar  
nó trealaimh atá ceaptha chun airm adamhacha, bhitheo-  
laíocha agus/nó cheimiceacha (earraí toirmiscthe) a  
dhéanamh;

45 (b) trádáil i substaintí atá liostaithe i dTáblaí I agus II de Cho-  
inbhinsiún na Náisiún Aontaithe i gcoinne gáinneáil  
neamhdhleathach drugaí támhshuanacha agus substaintí  
síceatrópacha agus atá ceaptha chun drugaí a dhéanamh  
go neamhdhlíthiúil (substaintí réamhtheachtacha);

- (c) trádáil thráchtálach neamhdhlíthiúil trasteorann in earraí inchánach chun cáin a imghabháil nó chun íocaíochtaí Stáit neamhúdaraíthe a fháil i ndáil le hearraí a allmhairiú nó a onnmhairiú, nuair atá an trádáil agus an fiontar a bhaineann le cánacha agus deontais chomh mór sin gur tábhachtach an costas airgeadais ionchasach do bhuiséad an gComhphobal Eorpach nó na mBallstát; 5
- (d) aon trádáil eile in earraí atá toirmisce the ag rialacha custaim an Chomhphobail nó rialacha custaim náisiúnta.
3. Ní bheidh de cheangal ar an údarás iarrtha tús a chur leis na foirmeacha sonracha comhair dá dtagraítear sa Teideal seo mura gceadaítear faoi dhlí náisiúnta an Bhallstáit iarrtha an saghas imscrúdaíthe a iarrtar nó mura bhforáiltear ann dó. Sa chás sin, beidh an t-údarás iarrthach i dteideal an saghas comhfhreagrach comhair thrasteorann a dhiúltú ar na cúiseanna céanna ina mhalairt de chás, nuair a iarrann údarás de chuid an Bhallstáit iarrthaigh é. 10
4. Más gá faoi dhlí náisiúnta na mBallstát, iarrfaidh na húdaráis rannpháirteacha ar a n-údaráis bhreithiúnacha na himscrúduithe a bheartaítear a fhormheas. Nuair a chuireann na húdaráis bhreithiúnacha inniúla a bhformheas faoi réir coinníollacha agus ceanglas áirithe, féachfaidh na húdaráis rannpháirteacha chuige go n-urramófar na coinníollacha agus na ceanglais sin i gcúrsa na n-imscrúduithe. 20
5. Nuair a bhíonn oifigigh de chuid Ballstáit ag gabháil do ghníomhaíochtaí ar chríoch Bhallstáit eile de bhua an Teidil seo agus go ndéanann siad damáiste trína ngníomhaíochtaí, déanfaidh an Ballstát ar ar a chríoch a rinneadh an damáiste é a shlánú i gcomhréir lena reachtaíocht náisiúnta ar an dóigh chéanna is a dhéanadh sé é dá mba iad a oifigigh féin a rinne an damáiste. Déanfaidh an Ballstát a ndearna a oifigigh an damáiste na suimeanna a d'íoc an Ballstát eile sin do na daoine éagóirithe nó do dhaoine nó institiúidí eile a bhfuil teideal acu ina leith a aisíoc go hiomlán leis. 25
6. Gan dochar d'fheidhmiú a cheart i leith tréimh páirtithe agus d'ainneoin na hoibleagáide damáiste a shlánú de réir an dara habairt de mhír 5, staonfaidh gach Ballstát, sa chás dá bhforáiltear sa chéad abairt de mhír 5, ó aisíoc as méid an damáiste a bhain dó a iarraidh ar Bhallstát eile. 30
7. Faisnéis a fhaigheann oifigigh le linn an chomhair thrasteorann dá bhforáiltear in Airteagail 20 go 24, féadfaidh údaráis inniúla an Bhallstáit a ghlacann í an fhaisnéis sin a úsáid mar fhianaise, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus faoi réir coinníollacha áirithe arna leagan síos ag comhlachtaí inniúla an Bhallstáit ina bhfuarthas an fhaisnéis. 40
8. I gcúrsa na n-oibríochtaí dá dtagraítear in Airteagail 20 go 24, tabharfar an chóir chéanna d'oifigigh ar misean ar chríoch Bhallstáit eile a thugtar d'oifigigh an Bhallstáit sin a mhéad a bhaineann le sárúithe a dhéantar ina gcoinne nó a dhéanann siad. 45

#### *Airteagal 20*

#### *Dearghóir*

1. Oifigigh an riaracháin chustaim de chuid ceann de na Ballstáit atá ar thóir, ina dtír féin, duine a breathnaíodh i mbun ceann de na sárúithe dá dtagraítear in Airteagal 19(2) a dhéanamh a bhféadfadh eiseachadh teacht as nó i mbun rannpháirtíú i sárú den sórt sin, 50



5 údarófar dóibh leanúint den tóir ar chríoch Bhallstáit eile gan réam-  
húdarás nuair nár bhféidir, ag féachaint do phráinn áirithe na  
staide, fógra a thabhairt d'údarás inniúla an Bhallstáit eile roimh  
iontráil ar an gcríoch sin nó nuair nár fhéad na húdarás sin an t-  
ionad a shroicheadh in am chun an tóir a ghlacadh ar láimh.

10 Rachaidh na hoifigigh thóra i dteagmháil le húdarás inniúla an  
Bhallstáit ar ar a chríoch a dhéanfar an tóir, ar a dhéanaí nuair a  
thrasnaíonn siad an teorainn. Cuirfear deireadh leis an tóir a luaithe  
a iarrann an Ballstát ar ar a chríoch atá an tóir á déanamh é. Arna  
iarraidh sin do na hoifigigh thóra, cuirfidh údarás inniúla an  
Bhallstáit sin forrán ar an duine a bhfuil an tóir air chun a chéan-  
nacht a shuíomh nó é a ghabháil. Cuirfidh na Ballstáit an taiscí ar an  
eolas faoi na hoifigigh thóra a bhfuil feidhm ag an bhforáil seo maidir  
leo; cuirfidh an taiscí na Ballstáit eile ar an eolas.

15 2. Déanfar an tóir i gcomhréir leis na nósanna imeachta seo a  
leanas, arna sainiú sa dearbhú dá bhforáiltear i mír 6:

(a) ní bheidh de cheart ag na hoifigigh thóra duine a ghabháil;

20 (b) ar a shon sin, mura n-iarrtar deireadh a chur leis an tóir  
agus mura féidir le húdarás inniúla an Bhallstáit ar ar a  
chríoch atá an tóir á déanamh idirghabháil tapaídh go  
leor, féadfaidh na hoifigigh thóra an duine a bhfuil tóir  
air a ghabháil go dtí gur féidir le hoifigigh an Bhallstáit  
sin, nach foláir a chur ar an eolas gan mhoill, a chéan-  
nacht a shuíomh nó é a ghabháil.

25 3. Déanfar an tóir i gcomhréir le míreanna 1 agus 2 ar cheann de  
na dóigheanna seo a leanas mar a shainítear sa dearbhú dá bhforáil-  
tear i mír 6:

(a) i limistéar nó le linn tréimhse, amhail ón teorainn a thrasnú,  
atá le bunú sa dearbhú;

30 (b) gan an limistéar ná an tréimhse a theorannú.

4. Beidh an tóir faoi réir na gcoinníollacha ginearálta seo a leanas:

35 (a) déanfaidh na hoifigigh thóra forálacha an Airteagail seo  
agus dlí an Bhallstáit ar ar a chríoch atá siad ag oibriú a  
chomhlíonadh; déanfaidh siad de réir theagasca údarás  
inniúil an Bhallstáit sin;

40 (b) nuair is ar muir a bhíonn an tóir, déanfar í i gcomhréir le  
dlí idirnáisiúnta na farraige mar atá i gCoinbhinsiún na  
Náisiún Aontaithe maidir le dlí na farraige nuair a leantar  
di ar an muir mhór nó sa limistéar eacnamaíoch eisiach,  
agus i gcomhréir le forálacha an Airteagail seo nuair is ar  
chríoch Bhallstáit eile a dhéantar í;

(c) toirmiscfear iontráil i dteaghaisí príobháideacha agus in áite-  
anna nach bhfuil rochtain ag an bpobal orthu;

45 (d) beidh na hoifigigh thóra so-insainitheanta, trína n-éide, trí  
armbhanda nó trí ghabháilais feistithe dá gcóir iompair;  
toirmiscfear éadaí sibhialtacha a úsáid in éineacht le cóir

iompair neamh-mharcáilte gan na modhanna sainitheanta thuasluaite; beidh na hoifigigh thóra i gcónaí in ann a chruthú go bhfuil siad ag gníomhú ina gcáil oifigiúil;

- (e) féadfaidh na hoifigigh thóra a n-armáin seirbhíse a iompar ach amháin (i) nuair atá dearbhú ginearálta déanta ag an mBallstát iarrtha nach féidir riamh armáin a iompar isteach ar a chríoch nó (ii) nuair atá a mhalairt de chinneadh sonrach déanta ag an mBallstát iarrtha. Nuair a cheadaítear d'oifigigh ó Bhallstát eile a n-armáin seirbhíse a iompar, toirmiscfear a n-úsáid ach amháin i gcásanna féinchosanta dlisteanáí; 5 10
- (f) nuair a bheidh an duine a bhfuil tóir air gafa mar a fhoráiltear i bpointe (b) de mhír 2, d'fhonn é a thabhairt ós comhair údaráis inniúla an Bhallstáit ar ar a chríoch atá an tóir á déanamh, ní fhéadfar ach cuardach slándála a dhéanamh air; féadfar dornaisc a úsáid le linn dó bheith á aistriú; féadfar earraí a bhí i seilbh an duine a raibh tóir air a urghabháil; 15
- (g) tar éis gach oibríochta dá dtagraítear i míreanna, 1, 2 agus 3, rachaidh na hoifigigh thóra i láthair údaráis inniúla an Bhallstáit ar ar a chríoch a bhí siad ag oibriú agus tabharfaidh siad tuairisc ar a misean; arna iarraidh sin do na húdaráis sin, ní foláir dóibh fanacht ar láimh na n-údarás sin go dtí go ndéantar imthosca a ngníomhaíochta a shoiléiriú go leordhóthanach; beidh feidhm ag an gcoinníoll seo fiú nuair nach raibh de thoradh ar an tóir go ndearnadh an duine a raibh tóir air a ghabháil; 20 25
- (h) arna iarraidh sin d'údaráis an Bhallstáit ar ar a chríoch a tharla an tóir, cabhróidh údaráis an Bhallstáit ónar tháinig na hoifigigh thóra leis an bhfiosrúchán i ndiaidh na hoibríochta inar ghlac siad páirt, lena n-áirítear imeachtaí dlí. 30

5. Féadfar duine a ghabhann údaráis inniúla an Bhallstáit ar ar a chríoch atá an tóir á déanamh, tar éis na gníomhaíochta dá bhforáiltear i mír 2, a choinneáil, gan spleáchas dá náisiúntacht, chun é a cheistiú. Beidh feidhm mutatis mutandis ag na rialacha ábhartha den dlí náisiúnta. 35

Mura náisiúnach den Bhallstát ar ar a chríoch a gabhadh é an duine, scaoilfear saor é tráth nach deánaí ná sé huaire an chloig tar éis a ghabhála, gan na huaireanta idir meánoíche agus 09.00 a áireamh leo, mura mbeidh iarraidh ar a ghabháil shealadach chun críoch eiseachadta i bhfoirm éigin faighte roimhe sin ag údaráis inniúla an Bhallstáit sin. 40

6. Ar shíniú an Choinbhinsiúin seo dó, déanfaidh gach Ballstát dearbhú ina saineoidh sé, ar bhonn mhíreanna 2, 3 agus 4, na nósanna imeachta chun an tóir a chur chun feidhme ar a chríoch. 45

Féadfaidh Ballstát tráth ar bith dearbhú eile a chur in ionad an dearbhaithe sin, ar choinníoll nach srianfaidh sé raon feidhme an tseandearbhaithe.

Déanfar gach dearbhú tar éis dul i gcomhairle le gach ceann de na Ballstáit i dtrácht agus d'fhonn socruithe coibhéiseacha a fháil sna Ballstáit sin. 50

7. Féadfaidh Ballstáit, ar bhonn déthaobhach, raon feidhme mhír 1 a leathnú agus forálacha breise a ghlacadh chun an tAirteagal seo a chur chun feidhme.

8. Agus ionstraimí glactha an Choinbhinsiúin seo á dtaisceadh aige, féadfaidh Ballstát a dhearbhu nach bhfuil an tAirteagal seo, nó cuid de, ina cheangal air. Féadfar dearbhú den sórt sin a tharraingt siar tráth ar bith.

## *Airteagal 21*

### *Faireachán trasteorann*

1. Údarófar d'oifigigh riaracháin chustaim de chuid ceann de na Ballstáit a bhfuil daoine a bhfuil forais thromchúiseacha ann lena chreidiúint ina leith go bhfuil siad i dtreis i gceann de na sárúithe dá dtagraítear in Airteagal 19(2) á gcoimeád faoi bhreathnú acu ina dtír féin leanúint dá mbreathnú ar chríoch Bhallstáit eile nuair atá breathnú trasteorann údaraithe ag an mBallstát sin mar fhreagra ar iarraidh ar chúnamh a tíolacadh roimhe sin. Féadfar coinníollacha a chur leis an údarú sin.

Cuirfidh na Ballstáit an taiscí ar an eolas faoi na hoifigigh thóra a bhfuil feidhm ag an bhforáil seo maidir leo; cuirfidh an taiscí na Ballstáit eile ar an eolas.

Arna iarraidh sin, déanfar an breathnú a chur de chúram ar oifigigh an Bhallstáit ar ar a chríoch a dhéantar é.

Déanfar an iarraidh dá dtagraítear sa chéad fhomhír a chur chuig údarás arna ainmniú ag gach ceann de na Ballstáit atá cumhachtaithe chun an t-údarú arna iarraidh a thabhairt nó an iarraidh a chur ar aghaidh.

Cuirfidh na Ballstáit an taiscí ar an eolas faoin údarás arna ainmniú chuige sin; cuirfidh an taiscí na Ballstáit eile ar an eolas.

2. Nuair nach féidir, de bharr cúiseanna sárphráinneacha, réamhúdarú an Bhallstáit eile a iarraidh, údarófar do na hoifigigh atá ag déanamh an bhreathnaithe leanúint de dhaoine a bhfuil forais thromchúiseacha ann lena chreidiúint ina leith go bhfuil siad i dtreis i gceann de na cionta dá dtagraítear in Airteagal 19(2) a bhreathnú ar an taobh eile den teorainn, ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

(a) déanfar fógra faoi thrasnú na teorann a thabhairt láithreach, i rith an bhreathnaithe, d'údaráis inniúla an Bhallstáit ar ar a chríoch a leanfar den bhreathnú;

(b) déanfar iarraidh arna tíolacadh i gcomhréir le mír 1 agus ag tabhairt na bhforas maidir leis an teorainn a thrasnú gan réamhúdarú a thíolacadh gan mhoill.

Cuirfear deireadh leis an mbreathnú a luaithe a dhéanann an Ballstát ar ar a chríoch atáthar á dhéanamh é sin a iarraidh, tar éis don fhógra dá dtagraítear i bpointe (a) a bheith tugtha nó an iarraidh dá dtagraítear i bpointe (b) a bheith déanta, nó nuair nach mbeidh an t-údarú faighte cúig huairé an chloig tar éis an teorainn a thrasnú.

3. Ní dhéanfar an breathnú dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 ach faoi na coinníollacha ginearálta seo a leanas:

- (a) déanfaidh na hoifigigh atá ag déanamh an bhreathnaithe forálacha an Airteagail seo a chomhlíonadh maille le dlí an Bhallstáit ar ar a chríoch atá siad ag feidhmiú; ní foláir dóibh déanamh de réir theagasca údaráis inniúla an Bhallstáit sin; 5
- (b) ach amháin sna staideanna dá bhforáiltear i mír 2, déanfaidh na hoifigigh doiciméad a iompar le linn an bhreathnaithe á dheimhniú gur deonaíodh údarú; 10
- (c) beidh na hoifigigh atá ag déanamh an bhreathnaithe i gcónaí in ann cruthúnas a sholáthar go bhfuil siad ag gníomhú ina gcáil oifigiúil;
- (d) féadfaidh na hoifigigh atá ag déanamh an bhreathnaithe a n-armáin seirbhíse a iompar le linn an bhreathnaithe ach amháin (i) nuair atá dearbhú ginearálta déanta ag an mBallstát iarrtha nach féidir riamh armáin a iompar isteach ar a chríoch; nó (ii) nuair atá a mhalairt de chinneadh sonrach déanta ag an mBallstát iarrtha. Nuair a cheadaítear d'oifigigh de chuid Ballstát eile a n-armáin seirbhíse a iompar, toirmiscfear a n-úsáid ach amháin i gcásanna féinchosanta dlisteaná; 15 20
- (e) toirmiscfear iontráil i dteaghaisí príobháideacha agus in áiteanna nach bhfuil rochtain ag an bpobal orthu;
- (f) ní fhéadfaidh na hoifigigh atá ag déanamh an bhreathnaithe forrán a chur ar an duine faoi bhreathnú ná é a ghabháil; 25
- (g) beidh na hoibríochtaí uile ina n-ábhar do thuarascáil chuig údaráis an Bhallstáit ar ar a chríoch a rinneadh iad; féadfar iallach a chur ar na hoifigigh atá ag déanamh an bhreathnaithe láithriú go pearsanta; 30
- (h) arna iarraidh sin d'údaráis an Bhallstáit ar ar a chríoch a rinneadh an breathnú, cabhróidh údaráis an Bhallstáit ónar tháinig na hoifigigh bhreathnaithe leis an bhfiosrúchán i ndiaidh na hoibríochta inar ghlac siad páirt, lena n-áirítear imeachtaí dlí. 35

4. Féadfaidh na Ballstáit, ar leibhéal déthaobhach, raon feidhme an Airteagail seo a leathnú agus bearta breise a ghlacadh á chur chun feidhme.

5. Agus ionstraimí glactha an Choinbhinsiúin seo á dtaisceadh aige, féadfaidh Ballstát a dhearbhu nach bhfuil an tAirteagal seo, nó cuid de, ina cheangal air. Féadfar dearbhú den sórt sin a tharraingt siar tráth ar bith. 40

## *Airteagal 22*

### *Seachadadh rialaithe*

1. Gabhann gach Ballstát air féin go bhféadfar seachadtaí rialaithe a cheadú ar a chríoch, arna iarraidh sin do Bhallstát eile, faoi chuimsiú imscrúduithe coiriúla maidir le cionta iniseachadta. 45

2. Déanfaidh údaráis inniúla an Bhallstáit iarrtha cinneadh seachadtaí rialaithe a úsáid ó chás go chéile i gcomhréir le dlí náisiúnta an Bhallstáit sin.

5 3. Déanfar na seachadtaí rialaithe i gcomhréir le nósanna imeachta an Bhallstáit iarrtha. Is iad údaráis inniúla an Bhallstáit sin a bheidh inniúil chun gníomhú agus chun na hoibríochataí a dhíriú.

10 Rachaidh an t-údarás iarrtha i gceann an tseachadta nuair a thrasnaíonn na hearraí an teorainn nó ag ionad arna chomhaontú lena dtabhairt ar láimh chun aon bhriseadh san fhaireachán a sheachaint. I gcaitheamh a bhfuil fágtha den turas, áiritheoidh an t-údarás iarrtha go ndéanfar buanfhairesachán ar na hearraí ar dhóigh gur féidir leis tráth ar bith na húdair a ghabháil agus na hearraí a urghabháil.

15 4. Féadfar teacht roimh coinsíneachtaí ar a gcomhaontaítear a seachadadh rialaithe, le toiliú na mBallstát i dtrácht, agus a údarú dóibh leanúint ar a mbealach mar atá siad nó tar éis dá n-inneachar bunaidh a bheith bainte astu nó táirgí eile a bheith curtha ina ionad go hiomlán nó go páirteach.

### *Airteagal 23*

#### *Imscrúduithe folaitheacha*

20 1. Arna iarraidh sin don údarás iarrthach, féadfaidh an t-údarás iarrtha a údarú d'oifigigh riarachán custaim an Bhallstáit iarrthaigh, nó d'oifigigh ag gníomhú thar ceann an riaracháin sin, atá ag oibriú faoi chumhdach céannachta bréagaí (imscrúdaitheoirí folaitheacha) oibriú ar chríoch an Bhallstáit iarrtha. Ní dhéanfaidh an t-údarás  
25 iarrthach an iarraidh ach amháin dá mbeadh sé an-deacair na fíoraí a shoiléiriú gan leas a bhaint as na bearta imscrúdaithe a bheartaítear. Údarófar do na hoifigigh i gceist i gcúrsa a ngníomhaíochtaí faisnéis a bhailiú agus dul i dteagmháil le daoine atá faoi amhras nó daoine eile atá comthaithe leo.

30 2. Beidh ré teoranta ag imscrúduithe folaitheacha sa Bhallstát iarrtha. Déanfar na himscrúduithe a ullmhú agus a mhaoirsiú i ndlúthchomhar idir údaráis ábhartha an Bhallstáit iarrtha agus an Bhallstáit iarrthaigh.

35 3. Cinnfidh an t-údarás iarrtha i gcomhréir lena dhlí náisiúnta na coinníollacha faoina gceadaítear imscrúdú folaitheach maille leis na coinníollacha faoina gcuirtear i gcrích é. Má fhaightear i gcúrsa imscrúdaithe fholaitheigh faisnéis i ndáil le sárú seachas an sárú atá folaithe san iarraidh bhunaidh, cinnfidh an t-údarás iarrtha freisin i gcomhréir lena dhlí náisiúnta na coinníollacha a bhaineann leis an  
40 leas is féidir a bhaint as faisnéis den sórt sin.

4. Soláthróidh an t-údarás iarrtha an daonchumhacht agus an tacaíocht theicniúil is gá. Glacfaidh sé bearta chun na hoifigigh dá dtagraítear i mír 1 a chosaint fad a bheidh siad ag gníomhú sa Bhallstát iarrtha.

45 5. Agus ionstraimí glactha an Choinbhinsiúin seo á dtaisceadh aige, féadfaidh Ballstát a dhearbhu nach bhfuil an tAirteagal seo, nó cuid de, ina cheangal air. Féadfar dearbhú den sórt sin a tharraingt siar tráth ar bith.

## Airteagal 24

### Foirne imscrúdaithe comhpháirteacha speisialta

1. Féadfaidh údaráis Bhallstát éagsúil foireann imscrúdaithe chomhpháirteach speisialta a chur ar bun de thoil a chéile a bheidh bunaithe i mBallstát amháin agus ar a mbeidh oifigigh a bhfuil na speisialtóireachtaí ábhartha acu. 5

Beidh de chúram ar an bhfoireann imscrúdaithe chomhpháirteach speisialta:

— imscrúduithe achrannacha éilitheacha ar shárúithe sonracha a dhéanamh a éilíonn gníomhaíocht chomhuaineach chomhdaithe sna Ballstáit i dtrácht, 10

— gníomhaíochtaí comhpháirteacha a chomhordú chun saghsanna áirithe sáráithe a chosc agus a bhrath agus chun faisnéis a fháil faoi na daoine i dtreís iontu, faoina gcomthaigh agus faoi na modhanna arna n-úsáid. 15

2. Oibreoidh foirne imscrúdaithe comhpháirteacha speisialta faoi na coinníollacha ginearálta seo a leanas:

(a) ní chuirfear ar bun iad ach chun críche sonraí agus go ceann tréimhse teoranta;

(b) beidh oifigeach ón mBallstát ina bhfuil gníomhaíochtaí na foirne á ndéanamh i gceannas ar an bhfoireann; 20

(c) beidh na hoifigigh rannpháirteacha faoi cheangal ag dlí an Bhallstáit ar ar a chríoch atá gníomhaíochtaí na foirne á ndéanamh;

(d) déanfaidh an Ballstát ina bhfuil gníomhaíochtaí na foirne á ndéanamh na socrúithe eagrúcháin is gá chun go bhféadfaidh an fhoireann oibriú. 25

3. Ní thabharfaidh comhaltas den fhoireann aon chumhachtaí idirghabhála ar chríoch Bhallstáit eile d'oifigigh.

## TEIDEAL V — SONRAÍ A CHOSAINT 30

### Airteagal 25

#### Sonraí a chosaint i ndáil le sonraí a mhalartú

1. Nuair a dhéantar faisnéis a mhalartú, cuirfidh na húdaráis chustaim san áireamh, i ngach cás sonrach, na ceanglais chun sonraí pearsanta a chosaint. Urramóidh siad forálacha ábhartha Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa an 28 Eanáir 1981 um chosaint daoine aonair maidir le huathphróiseáil sonraí pearsanta. D'fhonn sonraí a chosaint, féadfaidh Ballstát, i gcomhréir le mír 2, coinníollacha a fhorchur maidir le próiseáil sonraí pearsanta ag Ballstát eile a bhféadfar na sonraí pearsanta sin a chur chuige. 40

2. Gan dochar d'fhorálacha an Choinbhinsiún maidir le húsáid theicneolaíocht an eolais chun críoch custaim, beidh feidhm ag na forálacha seo a leanas maidir le sonraí pearsanta a pháirtítear de bhun an Choinbhinsiún seo a chur i bhfeidhm:

(a) ní údarófar don údarás glactha na sonraí pearsanta a phróiseáil ach chun na críche dá dtagraítear in Airteagal 1(1). Féadfaidh an t-údarás sin, gan réamhthoilú an Bhallstáit 45

a sholáthair na sonraí, iad a tharchur chuig a chuid riarachán custaim, údarás imscrúdaithe agus comhlachtaí breithiúnacha chun gur féidir leo sárúithe de réir bhrí phointe 3 d'Airteagal 4 a ionchúiseamh agus a phionósú. I ngach cás eile ina dtarchuirtear sonraí, beidh gá le toiliú ón mBallstát a sholáthair an fhaisnéis;

(b) áiritheoidh údarás an Bhallstáit a pháirtíonn sonraí go bhfuil siad beacht agus suas chun dáta. Má thagann sé chun solais gur páirtíodh sonraí neamhbheachta nó sonraí nár chóir a pháirtíú nó nach foláir sonraí a páirtíodh go dleathach a scriosadh níos déanaí i gcomhréir le dlí Bhallstát a bpáirtithe, cuirfear sin in iúl láithreach don údarás glactha. Beidh sé faoi cheangal na sonraí sin a cheartú nó a scriosadh. Má bhíonn cúis ag an údarás glactha a chreidiúint go bhfuil sonraí arna bpáirtíú neamhbheacht nó gur cóir iad a scriosadh, cuirfidh sé Ballstát a bpáirtithe ar an eolas;

(c) sna cásanna inar cóir, de réir dhlí Bhallstát a bpáirtithe, sonraí arna bpáirtíú a scriosadh nó a leasú, ní foláir ceart éifeachtúil a thabhairt do na daoine i dtrácht chun na sonraí a cheartú;

(d) taifeadfaidh na húdaráis i dtrácht cur ar aghaidh agus glacadh sonraí arna malartú;

(e) má iarrtar amhlaidh, déanfaidh na húdaráis pháirtithe agus na húdaráis ghlactha an duine i dtrácht a chur ar an eolas, arna iarraidh sin dó, faoi na sonraí pearsanta arna bpáirtíú agus an leas a bhainfear astu. Ní bheidh aon oibleagáid ann an fhaisnéis a sholáthar má fhaightear, ar an ábhar a mheas, gur mó an tábhacht don phobal an fhaisnéis a choinneáil siar ná an tábhacht don duine i dtrácht an fhaisnéis sin a fháil. Thairis sin, is i gcomhréir le dlíthe, rialacháin agus nósanna imeachta náisiúnta an Bhallstáit ar ar a chríoch a iarrtar an fhaisnéis a chinnfear ceart an duine i dtrácht chun faisnéis faoi na sonraí pearsanta arna bpáirtíú a fháil. Sula nglacfar aon chinneadh maidir le faisnéis a sholáthar, tabharfar deis don údarás páirtithe a sheasamh a shonrú;

(f) beidh na Ballstáit faoi dhliteanas, i gcomhréir lena ndlíthe, rialacháin agus nósanna imeachta féin, i leith na díobhála a dhéantar do dhuine trí phróiseáil sonraí arna bpáirtíú sa Bhallstát i dtrácht. Is amhlaidh a bheidh freisin nuair a dhéantar an díobháil toisc go ndearnadh sonraí neamhbheachta a pháirtíú, nó go ndearna an t-údarás páirtithe sonraí a pháirtíú de shárú ar an gCoinbhinsiún seo;

(g) stórálfar na sonraí arna bpáirtíú go ceann tréimhse nach mó ná an tréimhse is gá chun na gcríoch ar páirtíodh chucu iad. Scrúdóidh an Ballstát i dtrácht in am trátha an gá iad a stóráil;

(h) ar aon chuma, beidh ag na sonraí ar a laghad an chosaint chéanna a bhíonn ag sonraí comhchosúla sa Bhallstát a ghlac iad;

